**ÁR bhFÍS**
Domhan inbhuanaithe agus cóir, ina bhfuil cumhacht ag daoine bochtaineacht agus ocras a shárú agus a gcearta agus a gcumas a réadú go hiomlán

**NÍOS LÚ OCRAIS, ATHLÉIMNEACHT NÍOS LÁIDRE**

**FORBAIRT INBHUANAITHE, FORÁS GEILLEAGRACH UILECHUIMSITHEACH**

**RIALACHAS, CEARTA AN DUINE AGUS CUNTASACHT NÍOS FEARR**

# Domhan Amháin, Todhchaí Amháin:

## Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta

RIALTAS NA hÉIREANN
GOVERNMENT OF IRELAND

## Ár bhFís

# Domhan inbhuanaithe agus cóir, ina bhfuil cumhacht ag daoine bochtaineacht agus ocras a shárú agus a gcearta agus a gcumas a réadú go hiomlán

## Ár Luachanna

| | |
|---|---|
| Inbhuanaitheacht | A chinntiú go mbeidh fíor-thairbhí ag baint lenár n-idirghabhálacha thar an bhfadtéarma, go mbeidh siad slán ó thaobh an chomhshaoil de, agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar chúiseanna bochtaineachta seachas ar chomharthaí bochtaineachta agus sin amháin |
| Éifeachtacht agus torthaí | Acmhainní poiblí a úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach, luach ar airgead a chur ar fáil, agus ár n-iarrachtaí a dhíriú ar thorthaí inbhuanaithe a bhaint amach i saol na ndaoine sin atá bocht |
| Comhionannas | Comhdheiseanna agus comhionannas a chur chun cinn, gan aon idirdhealú d'aon chineál, agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais ar shlí chórasach |
| Cearta an Duine | Nádúr uilíoch agus doroinnte chearta an duine a chosaint trína gcur chun cinn agus a chosaint inár n-iarrachtaí uile |
| Cuntasacht | A bheith cuntasach do shaoránaigh na hÉireann agus do na daoine sin a bhainfidh leas as ár dtacaíocht, agus a bheith trédhearcach i ngach a dhéanfaimid |
| Comhpháirtíocht | Comhpháirtíochtaí tógtha ar mhuinín frithpháirteach a neartú, agus tacú le forbairt atá faoi úinéireacht agus faoi cheannaireacht áitiúil |
| Comhleanúnachas | Dícheall a dhéanamh cur chuige comhleanúnach a bhaint amach maidir le forbairt feadh na Ranna Rialtais uile, aghaidh a thabhairt ar neamhréitigh agus sineirgí a thógáil idir beartais |

# Réamhráiteas



Eamon Gilmore, T.D.



Joe Costello, T.D.

**Nuair a foilsíodh Páipéar Bán na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar Chúnamh Éireann sa bhliain 2006, tugadh cion na hÉireann sa chomhrac i gcoinne bochtaineacht agus ocras domhanda go lár ár mbeartais eachtraigh - an áit is córa dó a bheith. Leis an bPáipéar Bán, cuireadh ar ár gcumas ár gcuid oibre a chomhdhlúthú, agus tá clár cúnaimh againn inniu atá ar cheann de na cinn is fearr sa domhan – ceann a fhéadfaimid uile a bheith an-bhródúil as. Ach, ní fhéadfaimid a bheith sásta leis sin agus scíth a ligean.**

Tá an domhan ag athrú go tapa. Táimid i gcomhthéacs atá athraithe go mór i dtréimhse ama sách gearr. Tá deiseanna nua ann a chaithfear a thapú. Agus tá dúshláin nua ann a gcaithfear dul i ngleic leo. Rud amháin áfach, is ea go bhfuilimid ag maireachtáil i ndomhan ina bhfuil flúirse agus ganntanas, ina bhfuil ocras do-ghlactha, áit cé go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh tá fós an iomarca daoine ann nach bhfuil in ann éalú ó mhórualach na bochtaineachta.

Tá a fhios againn go maith gur iomaí teaghlach in Éirinn a bhfuil tionchar ag na deacrachtaí geilleagracha reatha orthu. Is é an tosaíocht atá againn i láthair na huaire ná poist agus forás a athbhunú sa bhaile. Ach, agus muid á dhéanamh sin, ní fhéadfaimid dearmad a dhéanamh orthu siúd atá fíor-bhocht go deo in áiteanna eile. Cosúil le Mósaimbíc, áit a maireann an gnáthdhuine go dtí aois 50. Nó Siarra Leon, áit a bhfaigheann duine as cúigear leanaí bás sula mbainfidh siad cúig bhliana d'aois amach.

Dá bhrí sin gheallamar i gClár an Rialtais an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann a athbhreithniú agus an deis sin a thógáil éisteacht le tuairimí mhuintir agus eagraíochtaí na hÉireann, agus iad sin a mbímid ag obair leo. Bhíomar ag iarraidh faisnéis a bheith againn dár treo beartais amach anseo, lenár dtaithí shaibhir féin agus le taithí daoine eile, agus i gcomhthéacs fírinne an scéil faoi láthair maidir leis an áit a bhfuilimid agus a bhfuilimid in ann a dhéanamh.

Bhí ról tábhachtach ag an Sainghrúpa Comhairleach maidir le Cúnamh Éireann le maoirsiú neamhspleách agus láidir a dhéanamh ar an athbhreithniú agus a chinntiú go mbeadh sé cuimsitheach. Táimid buíoch den Chathaoirleach agus de na comhaltaí as a ról luachmhar.

Sa bheartas nua seo – Domhan Amháin, Todhchaí Amháin: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta - leagtar amach, i dtéarmaí atá an-soiléir, cad iad ár spriocanna agus ár réimsí fócais, agus cad is mian linn a bhaint amach trínár gcúnamh, ár nguth, agus ár gcumas a úsáid. Beidh an beartas sin anois mar threoir ag rannpháirtíocht an Rialtais i ndáil le forbairt idirnáisiúnta.

Is é an toradh a bheidh air sin cur chuige níos dírithe a tharraingeoidh ar róil agus láidreachtaí na Ranna Rialtais go léir, ní an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála amháin, agus tarraingeoidh sé sin freisin ar tobar scileanna agus nuálaíochta a bhfuil ardmheas ar mhuintir na hÉireann ina leith.

Leis an mbeartas nua seo, dearbhaítear tiomantas na hÉireann d'fhorbairt idirnáisiúnta agus chomh lárnach is atá comhoibriú forbartha idirnáisiúnta do bheartas eachtrach na hÉireann, ní hamháin i dtéarmaí ár luachanna, ach i dtéarmaí ár leasa gheilleagraigh agus thrádála freisin.

Tá plean inchreidte á chur chun cinn againn maidir lenár n-iarrachtaí forbartha agus obair ár gcomhpháirtithe a mhaoiniú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh. Bainfimid úsáid as sin chun tús áite a thabhairt do na háiteanna a ndíreoimid ár n-acmhainní orthu, agus na háiteanna nach ndíreoimid iad orthu, ar shlí níos géire. Déanfar cinntí deacra, nuair a mheasfar é a bheith cuí.

I measc na bpríomhathruithe a dhéanfaimid beidh atreoshuíomh ár n-iarrachtaí i dtreo tíortha i mbéal forbartha a bhfuil níos mó ocrais, leochaileachta agus éagobhsaíochta iontu, mar gheall ar choinbhleacht, ar thubaiste nó mar gheall ar thionchair dhíobhálacha a bhaineann le hathrú aeráide. Is iad sin na háiteanna a bhfuil na riachtanais is géire iontu, agus a bhfuil saol an duine agus cearta an duine is mó i mbaol. Is iad sin na háiteanna freisin is mó a bhféadfaimid dul i bhfeidhm orthu.

Inár dtíortha comhpháirtíochta eile, oibreoimid i dtreo deireadh a chur le bochtaineacht agus neamhionannas agus i dtreo trádáil agus forbairt gheilleagrach a chur chun cinn. Beidh an Straitéis don Afraic a d'fhorbraíomar le déanaí, mar threoir againn, agus leagtar síos ann creat cuimsitheach le haghaidh caidreamh polaitíochta, forbartha, gnó agus geilleagrach na hÉireann leis an Afraic sna blianta amach romhainn.

Is éard atá mar aidhm againn tacaíocht a thabhairt do na tíortha a mbímid ag obair leo ionas go n-éireoidh siad as a bheith ag brath ar chabhair. Tá an deis ann anois. Ta tíortha i mbéal forbartha ag bailiú níos mó dá gcánacha féin, i mbun níos mó trádála, ag mealladh níos mó infheistíochta isteach agus tá a ngeilleagair ag forás. Tacóimid leo leis sin agus beimid gníomhach ag an leibhéal idirnáisiúnta chun aon bhacainní a stopfadh é sin ag tarlú a bhaint as an mbealach.

Is maith an rud a bheidh ansin do thíortha i mbéal forbartha. Agus is maith an rud a bheidh ann dúinne: cur le cobhsaíocht agus slándáil; tionchar athrú aeráide, a bhfuil tionchar aige orainn uile, a laghdú; geilleagar domhanda níos láidre a thógáil; agus comhpháirtíochtaí frithpháirteacha níos tairbhí a chumasú.

Tá go leor le tairiscint againn mar náisiún. Tá tionchar ag an gcuimhne atá againn ar ghorta ar ár luachanna agus ar ár ndlúthpháirtíocht le tíortha i mbéal forbartha.

Agus tá ár láidreachtaí ar leith – a bheith ina ngeilleagar beag oscailte le leibhéil arda d'infheistíocht isteach, geilleagar eolais beo, agus cúlra de choinbhleacht dhomhain a réiteach – fíorthábhachtach maidir leis an méid is féidir linn a thabhairt don domhan, lena n-áirítear trínár gclár cabhrach.

Ba chruthúnas é nuair a toghadh Éire chun Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine ar ár seasamh idirnáisiúnta agus cuirfidh sé ar ár gcumas ról níos láidre fós a bheith againn i gcearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Tá a fhios againn faoin riachtanas láidir atá ann an luach is fearr a fháil ar airgead agus trédhearcacht agus cuntasacht iomlán a bhaint amach sna hinfheistíocht a dhéanaimid, agus sna torthaí a bhainimid amach. Leis an mbeartas seo, léirímid ár dtiomantas arís do na caighdeáin is airde i ndáil le hoscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht do mhuintir na hÉireann agus dár gcomhpháirtithe forbartha. Ní ghlacfar le héilliú dubh, bán ná riabhach – leanfar le córais a neartú chun é a sheachaint, agus rachfar i mbun gnímh go tapa má chuirtear airgead cháiníocóirí na hÉireann i mbaol in aon slí.

Nuair a úsáidtear cúnamh i gceart, tugtar aghaidh ar bhochtaineacht, ar neamhionannas agus ar ocras. I gcomhar le hiarrachtaí eile, is féidir le cúnamh cuidiú le dul i ngleic le bunchúiseanna bochtaineachta agus feidhmiú mar chatalaíoch d'athruithe. Tá fís againn de dhomhan inbhuanaithe agus cóir, ina bhfuil cumhacht ag daoine bochtaineacht agus ocras a shárú agus a gcearta agus a gcumas a réadú go hiomlán.

Bí linn agus oibreoimis i dtreo todhchaí ina ndéanfar beart den bhriathar sin.

An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, **Eamon Gilmore, T.D.**

An tAire Stáit le freagracht air maidir le Trádáil agus Forbairt, **Joe Costello, T.D.**

Bealtaine 2013

# Ráiteas ón Sainghrúpa Comhairleach maidir le Cúnamh Éireann



Bunaíodh an Sainghrúpa Comhairleach maidir le Cúnamh Éireann sa bhliain 2010 le comhairle neamhspleách a thabhairt don Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus don Aire Stáit le freagracht do Thrádáil agus Forbairt maidir le treo an chláir chúnaimh. Bhí tábhacht bhreise lenár ról nuair a fógraíodh Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann. Ghlacamar leis an bhfreagracht as maoirsiú neamhspleách a dhéanamh ar an Athbhreithniú.

Sa ról sin, ghlacamar leis go raibh roinnt nithe tábhachtach. Bhí gá dul i mbun an phróisis Athbhreithnithe go trédhearcach agus go héifeachtúil. Bhí ar an gcomhairliúchán poiblí a bheith oscailte agus rannpháirteach i ndáiríre. Agus chaithfeadh an toradh deireadh an fhoghlaim agus an fhianaise ar fáil, an comhthéacs athraithe, agus tuairimí agus ionchur na ndaoine sin a bhí páirteach sa chomhairliúchán a léiriú go cruinn.

Is mór againn a chur in iúl go bhfuilimid sásta gur comhlíonadh na critéir sin. Is féidir teacht ar an bhfianaise sa bheartas seo, ina leagann an Rialtas amach clár oibre misniúil ach réalaíoch don mhéid atá le cur aige le forbairt idirnáisiúnta.

Agus mé ag dul timpeall na tíre, i mo ról mar chathaoirleach ar na cruinnithe poiblí a bhí ar siúl, chuir sé iontas orm na leibhéil fuinnimh agus an líon mór taithí atá againn anseo in Éirinn maidir le cúrsaí forbartha. Chasamar le hiar-oibrithe deonacha, gníomhaigh phobail, misinéirí a bhí tagtha abhaile agus le NGOnna. Chasamar le daoine den Diaspóra ón Afraic agus eile a bhfuil a mbaile déanta in Éirinn acu, ach nach bhfuil dearmad déanta acu cá as dóibh. Chasamar le fir agus mná gnó atá gnóthach ag fiosrú deiseanna san Afraic agus eile, múinteoirí agus mic léinn a bhfuil taighde á dhéanamh acu ar shaincheisteanna forbartha, fiontraithe a bhfuil smaointe acu, lucht feachtais a bhfuil cúiseanna láidre acu.

Chuir sé iontas orm freisin na leibhéil diongbháilte de thacaíocht traspháirtí don chlár cúnaimh a chonaiceamar san Oireachtas, a thógann ar thacaíocht láidir ón bpobal a bhfuil súil againn go bhféadfar é a chothabháil agus a chothú sa tréimhse atá le teacht. Tá an saol crua faoi láthair, níl aon amhras faoi sin. Ach seasfaidh sé linn ar feadh tamall fada, mar chruthúnas dár dtuairimí agus dár mbarrsamhlacha, go bhfuil ár ndlúthpháirtíocht leis na náisiúin is boichte ar domhan á cothabháil againn agus muid i gcruachás geilleagrach sa bhaile. Díríonn an beartas seo ar thionchar agus luach ar airgead a léiriú, tá sé sin ríthábhachtach chun tacaíocht an phobail atá ann a choinneáil.

Táim ag iarraidh an deis seo a thapú buíochas a ghlacadh leis na daoine sin a bhí rannpháirteach san Athbhreithniú, bíodh sin a bheith i láthair ag cruinniú, aighneacht a chur isteach, a bheith páirteach i bplé ar líne (agus bhí go leor díobh ann), nó díreach a bheith ag plé cúrsaí le do theaghlach nó cairde nó ag smaoineamh orthu ar feadh nóiméad asat féin. Bhí tionchar ag an gcomhairliúchán a tharla ar phríomhghnéithe an bheartais seo - an tiomantas leanúnach dul i ngleic le bochtaineacht agus ocras, fócas níos mó ar stáit leochaileacha agus stáit ina bhfuil coinbhleacht, agus cúnamh a ailíniú le cothú foráis gheilleagraigh inbhuanaithe - agus beidh siad mar threoir ag treo an Rialtais sna blianta atá romhainn.

**Nora Owen,**
An Cathaoirleach

Comhaltaí an tSainghrúpa Chomhairligh maidir le Cúnamh Éireann:
Naomi Ngwira
An tOll. Jane Harrigan
An tOll. Patrick Fitzpatrick
An tOll. Tom Lodge
Ronan Murphy
Donal McNally

# Clár Ábhar

Achoimre 1

**Athbhreithniú ar an bPáipear Bán ar Chúnamh Éireann 2006 4**

**Ár mbeartas d'fhorbairt idirnáisiúnta 10**

**Ár dtionchar a uasmhéadú 26**

Iarscríbhinn 1: Cuntas ar ár bhFeidhmíocht 36

# Achoimre

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh oifigiúil an Rialtas arna riar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a oibríonn thar cheann mhuintir na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ocras i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan.

## Athbhreithniú ar an bpáipéar Bán ar Chúnamh Éireann

Ba ráiteas de bheartas an Rialtais é Páipéar Bán 2006 ar Chúnamh Éireann, inar cuireadh an comhrac in aghaidh bochtaineacht dhomhanda i gcroílár bheartas eachtrach na hÉireann. Leagadh an bhunchloch dár gcuid oibre le sé bliana anuas amach sa Pháipéar Bán, agus tá aitheantas tugtha dúinn ar fud an domhain mar threoraí ó thaobh cúnamh ar ardchaighdeán a sheachadadh san áit is géire a theastaíonn sé.

Tá athruithe móra tarlaithe sa domhan ó foilsíodh an Páipéar Bán áfach, agus caithfidh ár rannpháirtíocht i bhforbairt idirnáisiúnta freagairt dá réir sin. Caithfimid dul in oiriúint sa bhaile do na sriantachtaí geilleagracha agus airgid atá romhainn. Ciallaíonn sé sin clár oibre inchreidte agus réalaíoch a leagan amach, agus ár ndícheall a dhéanamh tacaíocht láidir an phobail a choinneáil don chlár cabhrach.

Chuathas i mbun Athbhreithnithe ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann in 2012. Breithníodh an dul chun cinn a rinneadh ó 2006, scrúdaíodh an comhthéacs a bhí ag athrú, agus breithníodh an fhianaise maidir le cad is fearr a oibríonn. D'éisteamar, trí phróiseas comhairliúcháin poiblí cuimsitheach agus bríomhar, in Éirinn agus inár dtíortha comhpháirtíochta, le tuairimí daoine agus tharraingíomar ar thaithí na n-eagraíochtaí sin atá ag obair i bhfíorthosach na forbartha.

Tá na ceachtanna a d'fhoghlaimíomar ón tréimhse mhachnaimh sin mar thionchar ar bheartas na hÉireann a thagann chun cinn maidir le forbairt idirnáisiúnta – Domhain Amháin, Todhchaí Amháin. Déanann an beartas seo ár gcur chuige a athnuachan agus leagann sé amach tosaíochtaí soiléire don todhchaí. Táimid tiomanta dul chun cinn a athbhreithniú in 2016.

Tá athruithe móra tarlaithe sa domhan ó foilsíodh an Páipéar Bán áfach, agus caithfidh ár rannpháirtíocht i bhforbairt idirnáisiúnta freagairt dá réir sin

SPRIOC 3



## Ár bplean don todhchaí

**Cúnamh agus tuilleadh:** Is léir nach réiteoidh cúnamh amháin fadhbanna na bochtaineachta agus an ocrais. Caithfidh ceannaireacht na dtíortha féin i mbéal forbartha, a gcumas ioncam a chruinniú agus infheistíocht dhíreach eachtrach a threisiú, lánpháirtiú isteach i margaí domhanda agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannas a bheith mar bhonn taca ag réitigh fadseasmhacha. Teastaíonn uainn an méid is féidir a dhéanamh le cúnamh a aithint, ach freisin smaoineamh agus gníomhú anuas ar an gcúnamh sin.

Leis sin, tá níos mó ná airgead i gceist leis an méid a dhéanaimid. Tá glór láidir againn ar an stáitse idirnáisiúnta, agus úsáidfimid é. Agus tá cumas soiléir againn in Éirinn, inár ndaoine agus inár n-institiúidí, agus bainfimid leas as.

**Cur chuige Uile-Rialtais maidir le forbairt idirnáisiúnta:** Ní hé ár gclár cúnaimh an t-aon rud a mbíonn tionchar aige ar fhorbairt idirnáisiúnta, ach ár mbeartais agus ár ngníomhartha i gcoitinne freisin. Agus cé gur threoraigh Páipéar Bán 2006 ar Chúnamh Éireann ár gclár cúnaimh go príomha, beidh an beartas nua seo mar threoir ag ár n-iarrachtaí forbartha go léir – feadh an Rialtais.

**Beartú tosaíochta níos fearr:** Bainfimid leas as na láidreachtaí atá forbartha againn le blianta fada, lena n-áirítear an fócas láidir atá againn ar bhochtaineacht, clár cúnaimh ar ardchaighdeán a sheachadadh agus an dea-thaifead comhpháirtíochta atá againn.

Tuigimid, áfach, go bhfuil gá le beartú tosaíochta breise agus díriú níos mó ar na torthaí atá á mbaint amach againn agus ár gcomhpháirtithe. Bíonn tábhacht leis sin i gcónaí ach tá sé riachtanach anois mar gheall ar ár gcúinsí geilleagracha faoi láthair. Caithfimid an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead a bhaint amach ó na hacmhainní teoranta atá ar fáil dúinn.

Úsáidfear an beartas seo mar bhonn le cinntí a dhéanamh maidir leis an áit a ndíreoimid a n-aird, agus ár n-acmhainní. Beidh sé deacair roinnt de na cinntí sin a dhéanamh – is iomaí riachtanas atá ann. Ach, déanfaimid na cinntí ar an mbonn go bhfuil seasamh beartais soiléir againn.

Beidh ár bhfeidhmíocht agus feidhmíocht ár gcomhpháirtithe ó thaobh torthaí a bhaint amach lárnach maidir lenár gcinnteoireacht agus leis an tslí a ndéanfaimid ár n-acmhainní a bhainistiú.

**Trí sprioc:** Lenár mbeartas d'fhorbairt idirnáisiúnta – atá ina dhlúthchuid dár mbeartas eachtrach – beimid ag iarraidh trí sprioc a bhaint amach:

> Níos lú ocrais, athléimneacht níos láidre

> Forbairt inbhuanaithe, forás geilleagrach uilechuimsitheach

> Rialachas, cearta an duine agus cuntasacht níos fearr

**Sé réimse tosaíochta i ndáil le gach gníomh:** Beidh ár spriocanna mar na pointí tagartha a ndéanfar cláir forbartha idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht na hÉireann a phleanáil timpeall orthu. Tá sé réimse tosaíochta aitheanta i ndáil le gach gníomh, agus is iad sin:

> Ocras domhanda

> Stáit leochaileacha

> Athrú aeráide agus forbairt

> Trádáil agus forás geilleagrach

> Seirbhísí riachtanacha

> Cearta an duine agus cuntasacht

## Príomhchinntí

**Fócas níos láidre ar chobhsaíocht i dtíortha leochaileacha:** Díreoimid, laistigh dár gclár, ar thíortha níos leochailí - ar nós tíortha atá ag teacht chucu féin tar éis tréimhsí coinbhleachta. Is iad sin na háiteanna is mó a bhíonn riachtanas, agus is iad sin na háiteanna is mó a bhíonn cearta an duine i mbaol. Is iad sin na háiteanna freisin is mó a bhféadfaimid dul i bhfeidhm orthu. Agus cé go mbaineann níos mó rioscaí le hobair den sórt sin, is mó an riosca a bhaineann leis gan aon rud a dhéanamh.

**Príomhthír Comhpháirtíochta nua:** Treiseoimid ár rannpháirtíocht i Siarra Leon agus sa Libéir chun ár dtiomantas an fód a sheasamh le tíortha a thagann as coinbhleacht a léiriú. San áireamh air sin, beidh Siarra Leon ar cheann dár naoi bPríomhthír Comhpháirtíochta, agus iad na cinn eile, an Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Uganda, Vítneam, agus an tSaimbia.

**Caidreamh ag athrú:** Is Príomhthíortha Comhpháirtíochta a thabharfaimid ar ár gClár-Thíortha anois, léiríonn sé sin na comhpháirtíochtaí níos iomláine a bheimid ag iarraidh. Beidh cineálacha rannpháirtíochta éagsúla againn i ngach Príomhthír Comhpháirtíochta, ag brath ar na riachtanais agus deiseanna a bheidh i gceist.

**Straitéis don Afraic:** Rachaimid i dtreo comhpháirtíochtaí geilleagracha níos láidre a thógáil san Afraic agus oibreoimid i dtreo bealach amach a fháil ó chabhair nuair is féidir. Beidh Straitéis an Rialtais don Afraic (ar fáil ag www.dfat.ie) – a leagadh amach le snáitheanna éagsúla de rannpháirtíocht bheartas eachtrach an Rialtais leis an Afraic a thabhairt le chéile - mar threoir ag ár gcur chuige.

Déanfaimid ár láithreacht ar an talamh san Afraic Thoir a neartú mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise don Afraic, agus leis sin bainfimid leas as comhtháthú geilleagrach agus trádáil sa réigiún. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas dul i mbun rannpháirtíocht níos straitéisí le hobair dhaonnúil sa réigiún.

**Caiteachas cúnaimh a chothabháil:** Tá an Rialtas fós tiomanta an sprioc 0.7% d'Ollioncam Náisiúnta a leithdháileadh ar chomhoibriú forbartha idirnáisiúnta a bhaint amach, mar a luaitear sa Chlár don Rialtas. Ag glacadh leis na deacrachtaí geilleagracha atá ann faoi láthair, déanfaidh an Rialtas iarracht caiteachas ar chabhair a choinneáil ag leibhéil reatha, agus dul i dtreo na sprice 0.7% nuair a thiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar.

**Athrú aeráide a chur go lárnach:** Is dócha gurb é tionchar athrú aeráide an tsaincheist is práinní atá roimh thíortha bochta faoi láthair. Oibreoimid go crua lena chinntiú go ndéanfar ár n-iarrachtaí a dhíriú níos mó ar aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, lena n-áirítear cothromaíocht idir na gnéithe sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil d'fhorbairt.

**Ár gcur chuige maidir le cearta an duine a athneartú:** Cinnteoimid go ndéanfar prionsabail agus caighdeáin maidir le cearta an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhtháthú inár n-iarrachtaí forbartha. Go háirithe, díreoimid níos mó dár gcuid acmhainní ar chomhionannas inscne agus míchumas, agus cinnteoimid to dtabharfar san áireamh iad inár n-idirghabhálacha forbartha.

**Tiomantas maidir le cuntasacht agus trédhearcacht:** Táimid tiomanta d'oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht do mhuintir na hÉireann agus dár gcomhpháirtithe forbartha i ndáil lena ndéanaimid, leis an tslí a n-oibrímid agus lena bhfuil á bhaint amach againn. Cuirfimid ár ngealltanais idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht i ndáil le cúnamh i bhfeidhm go hiomlán, agus foilseoimid ár sonraí i ndáil le cúnamh, faoin bhformáid agus faoin gcaighdeán arna nglacadh go hidirnáisiúnta, faoi 2015.

Oibreoimid freisin lenár gcomhpháirtithe – rialtais, NGOnna, eagraíochtaí iltaobhacha, agus eile, – lena chinntiú go gcloífidh siad le caighdeáin chuntasachta agus trédhearcacha chomhchosúla. Ar an mbealach sin, beidh muintir na hÉireann in ann cá bhfuil agus conas atá a n-airgead á chaitheamh, agus cad iad na torthaí atá á mbaint amach a fheiceáil níos fearr.

**An tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht idirnáisiúnta:** Tá ár rannpháirtíocht sna NA agus ag an leibhéal idirnáisiúnta ina cuid riachtanach dár mbeartas eachtrach. Tugann sé glór níos láidre dúinn. Cuireann sé ar ár gcumas dul i ngleic le diminsin dhomhanda na bochtaineachta agus an neamhionannais. Méadaíonn sé éifeachtacht an méid a dhéanaimid. Táimid meáite ar ról ceannais a bheith againn, go háirithe tríd an Aontas Eorpach, inár gcomh-iarrachtaí dlús a chur le forbairt idirnáisiúnta agus síocháin, slándáil agus cearta an duine a chur chun cinn.

**Rannpháirtíocht sa bhaile:** Déanfaimid ár ndícheall go mbeidh an-tuiscint ag an bpobal ar ár gclár cúnaimh agus go mbeidh siad rannpháirteach ann, agus bainfimid leas as an méid a bheidh le cur ag muintir agus institiúidí na hÉireann leis. Déanfaimid an bealach ina dtacaímid le saorálaíocht a nuachóiriú trí Thionscnamh nua Saorálaíochta, a chuirfidh ar chumas gairmithe deis a bheith acu cur le forbairt.

# Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann 2006

# Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann 2006

Aithnítear ár gclár cúnaimh go hidirnáisiúnta mar cheann de na cinn is fearr sa domhan

## An Páipéar Bán

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh oifigiúil an Rialtas arna riar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a oibríonn thar cheann mhuintir na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ocras i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan. Foilsíodh an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann sa bhliain 2006, agus leagtar amach ann an bonn dár gclár cúnaimh agus léirítear an tslí a chuirfí i bhfeidhm é. Chuidigh sé sin linn ár gclár cúnaimh a fhorbairt ina chlár a aithnítear go hidirnáisiúnta – lena n-áirítear aitheantas ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) ina n-athbhreithniú ar Éirinn in 2009 – mar cheann de na cinn is fearr sa domhan.

Leagtar os cionn 100 príomhchinneadh sa Pháipéar Bán a raibh tionchar acu ar ár dtreo le sé bliana anuas. Tá na tiomantais sin athbhreithnithe againn agus cuntas tugtha againn ina leith sa *Pháipéar Comhairliúcháin don Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann* (ar fáil ag www.irishaid.gov.ie).

## A bhfuil bainte amach go dtí seo

Tá líon na ndaoine bochta, ar bhonn domhanda, ag laghdú. Faoin mbliain 2015, beidh líon na ndaoine a bheidh fíor-bhocht go deo 50% níos lú ná mar a bhí ag deireadh na Mílaoise – dá bhrí sin is dócha go mbainfear amach an chéad cheann de Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Aithnítear go raibh ról tábhachtach ag cúnamh forbartha idirnáisiúnta ag cur leis an dul chun cinn sin.

Bhí páirt ag Cúnamh Éireann ansin. Mar shampla, ag an leibhéal tíre, chuir Cúnamh Éireann le baint amach na dtorthaí seo a leanas ó foilsíodh Páipéar Bán 2006:

| | | |
|---|---|---|
| Sa Tansáin, thit mortlaíocht naíonán ó 96 bás i ngach 1000 breith in 2006 go 65 bás i ngach 1000 breith in 2012. | Sa Uganda, tá rátaí críochnaithe bunscoile imithe suas 10% le dhá bhliain anuas. | Sa Mhósaimbíc, d'ardaigh líon na ndaoine a raibh cóireáil fhrith-aisvíreasach á fáil acu le haghaidh VEID ó 10,000 in 2004 go 218,000 in 2010. |
| Thit líon na líonta tí sa Mhaláiv gan a ndóthain bia 20%. | Thit rátaí bochtaineachta i measc na mionlach eitneach i Vítneam 17%. | San Aetóip, thit cion na leanaí faoi bhun an ghnáthmheáchain 10%. |

Faoin mbliain 2015, beidh líon na ndaoine go domhanda a bheidh fíor-bhocht go deo 50% níos lú ná mar a bhí ag deireadh na Mílaoise

# An tAthbhreithniú

Tá dúshláin nua romhainn maidir le comhlíonadh na dtiomantas i bPáipéar Bán 2006 ar Chúnamh Éireann mar gheall ar athruithe i gcúrsaí geilleagracha agus forbartha domhanda, chomh maith lenár ndeacrachtaí airgeadais féin.

Is é sin an chúis a rabhthas tiomanta d'Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPáipéar Bán sa Chlár don Rialtas, a raibh sé mar aidhm leis dul chun cinn a rinneadh ó 2006 a bhreithniú, an comhthéacs athraitheach a scrúdú agus ár dtosaíochtaí don tréimhse atá romhainn a leagan amach.

Chuathas i mbun an Athbhreithnithe trí phróiseas forleathan d'fhoghlaim inmheánach, measúnú agus anailís neamhspleách agus comhairliúchán poiblí.

## An Páipéar Comhairliúcháin don Athbhreithniú

Tugtar cuntas sa *Pháipéar Comhairliúcháin don Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann* ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le comhlíonadh na dtiomantas i bPáipéar Bán 2006. Tugtar achoimre freisin sa Pháipéar Comhairliúcháin ar an méid a d'fhoghlaimíomar ó mheastóireachtaí agus athbhreithnithe le déanaí ar ár gclár cúnaimh. Cuirtear príomhcheisteanna i láthair, agus bhí sé sin mar fhaisnéis ag an gcomhairliúchán poiblí a bhí ar siúl.

Chasamar le breis agus 1,000 duine in Éirinn, agus fuaireamar 165 aighneacht i scríbhinn

### An comhairliúchán poiblí

Reáchtáladh an comhairliúchán poiblí, arna mhaoirsiú ag an Sainghrúpa Comhairleach maidir le Cúnamh Éireann, idir Feabhra agus Aibreán 2012. Le linn na tréimhse sin:

- Chasamar le breis agus 1,000 duine in Éirinn, agus fuaireamar 165 aighneacht i scríbhinn (ar fáil ag www.irishaid.ie).
- Reáchtálamar ceithre chruinniú phoiblí (i Luimneach, i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Sligeach).
- Chasamar le coistí Oireachtais, pobal na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, an earnáil phríobháideach, pobail inimirceach in Éirinn, agus eile.
- D'úsáideamar uirlisí meán sóisialta le lucht éisteachta níos leithne a bhaint amach.
- Chuamar i mbun comhairliúchán áitiúil inár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta trínár n-ambasáidí iontu, agus chuamar i mbun comhairliúcháin ar bhonn réigiúnach sa Mhaláiv.
- Bhí comhráite againn sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (lena n-áirítear trínár misin NA) agus feadh an Rialtais, mar shampla tríd an gCoiste Idir-Rannach um Fhorbairt.

Is próiseas tábhachtach a bhí ansin maidir le: cuntasacht, foghlaim, teagmháil, agus déanamh beartas. Tá tábhacht leis an aiseolas a fuaireamar, ní hamháin i ndáil leis an mbeartas seo a mhúnlú, ach i ndáil leis an mbonn a chur ar fáil do chomhoibriú agus rannpháirtíocht níos fearr sna blianta atá le teacht.




Geallsealbhóirí ag seoladh an phróisis chomhairleoireachta phoiblí. Ó chlé go deas: Linh Thuy Hoang (Comhalta Staidéir Chúnamh Éireann), Paula Galvin Uasal (Múinteoir i Scoil Náisiúnta Our Lady Queen of the Apostles, Cluain Buiríosa Mór), An tAire Stáit do Thrádáil agus d'Fhorbairt, An tUasal Joe Costello, T.D., Nora Owen Uasal, Cathaoirleach Sainghrúpa Comhairleach Chúnamh Éireann, An tUasal Fyawupi Mwafongo (Comhalta Staidéir Chúnamh Éireann), An tUasal Jim Clarken (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Oxfam) H.E Lela-alem Gebreyohannes Tedla (Ambasadóir na hAetóipe chun na hÉireann). *Grianghraf: Naoise Culhane, Maxwells Photography*

## A bhfuil foghlamtha againn

Chuireamar roinnt ceisteanna chun cinn le linn an phróisis chomhairliúcháin mar threoir dár bplé. Is é seo an méid atá foghlamtha againn:

> Tá **tacaíocht láidir ón bpobal** – lena n-áirítear sna páirtithe polaitíochta – don chlár cúnaimh. Tá daoine ag iarraidh go ndéanfadh Cúnamh Éireann ardchaighdeán a gcuid oibre, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta tugtha dó, a chothabháil, agus tá siad ag iarraidh go gcoinneofaí ar an eolas iad maidir le dul chun cinn.

> Aontaíonn daoine le **fócas** an chláir chúnaimh **ar bhochtaineacht agus ar aghaidh a thabhairt ar ocras domhanda**, an bhéim atá ar chomhpháirtíocht, lena n-áirítear le heagraíochtaí saorálacha agus pobail, institiúidí idirnáisiúnta agus tíortha i mbéal forbartha; agus an tiomantas cúnamh gan choinníoll (cúnamh nach mbraitheann ar earraí ná seirbhísí a fháil as Éirinn).

> Tuigeann an pobal go bhfuil **an ról atá ag cúnamh ag athrú** de réir mar a athraíonn comhthéacs an domhain agus na hÉireann, agus go dteastaíonn uainn ár gcur chuige a chur in oiriúint dá réir sin.

> Chuir siad béim ar an ngá atá le **cur chuige Uile-Rialtais maidir le forbairt idirnáisiúnta**, lena chinntiú go mbeidh ár n-iarrachtaí mar chuid de bheartas comhtháite, uileghabhálach.

> Bhíothas go mór ar aon intinn go dteastaíonn uainn **beartú tosaíochta a dhéanamh i ndáil leis na háiteanna ina n-úsáidtear ár n-acmhainní**, ionas go mbainfimid amach an méid is féidir agus go bhfaighimid an luach is fearr ar airgead is féidir.

> Chuir an pobal béim mhór ar an ngá atá le **cearta an duine a chur chun cinn** inár n-iarrachtaí forbartha go léir. Tarraingíodh saincheisteanna míchumais ar aird go minic.

> Measann daoine gur **rud dearfach d'Éirinn** é ár gclár cúnaimh, a chuireann le cobhsaíocht agus slándáil, a chuireann lenár gclú, agus a dhaingníonn ár naisc shóisialta agus gheilleagracha in áiteanna eile.

# Domhan atá ag athrú

Tá athruithe móra tarlaithe sa domhan ó foilsíodh an Páipéar Bán in 2006. Tá sé ríthábhachtach go n-aithnímid agus go bhfreagróimid do na dúshláin nua sin le go n-éireoidh le hiarrachtaí forbartha na hÉireann.

## Athruithe in Éirinn

Táimid i lár géarchéime in Éirinn, géarchéim dhúshlánach gheilleagrach agus airgeadais, atá le sonrú feadh an Aontais Eorpaigh agus níos faide. Leis na laghduithe i gcaiteachas poiblí, tá ár mbuiséad cúnaimh laghdaithe de réir aon trian ó 2008.

Tá géarghá anois leis an luach is fearr ar airgead is féidir a fháil agus cuntas a thabhairt ar gach uile cent a chaithimid, ag teacht le hiarrachtaí an Rialtais ár seirbhísí poiblí a athchóiriú.

Tá géarghá anois leis an luach is fearr ar airgead is féidir a fháil agus cuntas a thabhairt ar gach uile cent a chaithimid.

## An t-ionchas domhanda

Tríd is tríd, tá bochtaineacht ar fud an domhain ag laghdú, agus bainfear amach Sprioc Forbartha na Mílaoise maidir le bochtaineacht dhomhanda a laghdú de réir a leath faoin mbliain 2015. Tá ról tábhachtach ag cúnamh ansin. Tá dul chun cinn míchothrom áfach, agus is iomaí dúshlán deacair ann fós. Tá geografaíocht agus nádúr bochtaineachta ag athrú. Tá an formhór de bhochtaineacht an domhain le sonrú fós san Afraic fho-Shahárach, ach tá roinnt fachtóirí a bhfuil an timpeallacht forbartha á hathrú acu.

**Geilleagar domhanda atá ag athrú:** Tá geilleagar an domhain ag athrú. Tá tíortha i mbéal forbartha anois i measc na bpríomhthiománaithe i ndáil le forás geilleagrach domhanda. Is féidir an fuinneamh agus an forás sin a fheiceáil go háirithe sa Bhrasaíl, sa Rúis, san India, sa tSín agus san Afraic Theas (ar a dtugtar BRICS le chéile). Tá na tíortha sin freisin ina ngníomhaithe tábhachtacha i ndáil le comhoibriú forbartha. Tá ardrátaí fáis gheilleagraigh á mbaint amach ar fud na hAfraice. Tá ionchais ag méadú freisin i measc saoránach áfach, agus tá dúshláin mhóra ag baint le saincheisteanna mar na hardleibhéil leanúnacha dífhostaíochta i measc daoine óga.

**An ról atá ag cúnamh, ról atá ag athrú:** Tá go leor tíortha i mbéal forbartha ag brath níos lú ar chabhair mar gheall ar leibhéil trádála, infheistíocht isteach agus ioncam intíre atá ag ardú. Tá na hacmhainní a theastaíonn ó na tíortha sin á bhfáil acu chun dul i ngleic le saincheisteanna tearcfhorbartha iad féin agus féachtar ar chabhair mar chatalaíoch d'fhorbairt seachas mar phríomhthreallús dó.

féachtar ar chabhair mar chatalaíoch d'fhorbairt seachas mar phríomhthreallús dó

**Ocras agus míchothú:** Tá ocras ar bheagnach billiún duine, nó duine as seachtar de dhaonra an domhain inniu. Agus tá tearc-chothú ar cheann de na fadhbanna sláinte is tromchúisí sa domhan ach an ceann is lú a thugtar aghaidh air. Tá na costais, idir dhaoine agus an geilleagar, ollmhór, agus titeann siad go mórmhór ar na daoine atá an-bhocht agus ar mhná agus leanaí. I dtíortha i mbéal forbartha, faigheann 3.5 milliún máthair agus leanbh bás gan ghá gach bliain mar gheall go bhfágann tearc-chothú níos soghabhálaí iad i leith galar ionfhabhtaíoch. Sa Mhaláiv, cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta i ndáil le míchothú a laghdú, tá fás cranda i measc leanaí fós ard ag timpeall 47%.

**Leochaileacht:** Tá níos mó ná 1.5 billiún duine ina gcónaí i dtíortha atá leochaileach mar gheall ar choinbhleacht nó tubaiste nádúrtha, agus ina ndiaidh sin. Níltear in ann slándáil ná riail an dlí a chothabháil sna tíortha sin, ná seirbhísí bunúsacha agus deiseanna geilleagracha a chur ar fáil do na saoránaigh, lena n-áirítear na boicht. Ní bhainfidh mórán de na tíortha sin Sprioc Forbartha Mílaoise amháin amach faoi 2015.

**Géarchéimeanna daonnúla:** Tá tubaistí daonnúla ag éirí níos mó agus ag tarlú níos minice timpeall an domhain, bíonn tionchar acu ar níos mó daoine agus tá sé ag éirí níos deacra iad a bhainistiú. Tá chomh minic is a tharlaíonn tubaistí nádúrtha méadaithe faoi cúig ó na 1970í.

**An comhshaol agus athrú aeráide:** Braitheann dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta i ngach tír, níos mó anois ná riamh cheana ar shláinte an chomhshaoil. Tá guaiseacha comhshaoil mar truailliú, drochaimsir agus athrú aeráide ag bagairt ar slite beatha agus ar fhorbairt, agus d'fhéadfaidís na milliúin eile a bhrú isteach i bhfíor-bhochtaineacht. Meastar go laghdóidh athrú aeráide barra feirmeoirí leathchothaitheacha in go leor tíortha san Afraic, rud a dhéanfaidh níos leochailí iad do ghanntanais bhia.

**Neamhionannas:** Tá neamhionannas fós ina mhórdhúshlán. Fiú sna háiteanna a bhfuil rátaí foráis gheilleagraigh ard, tá neamhionannais ag leathnú. Sa bhliain 2010, bhí sé cinn as na 10 dtír ba éagothroime ar fud an domhain san Afraic fho-Shahárach. Léiríonn fianaise go soiléir, go bhféadfaidh leibhéil arda neamhionannais, lena n-áirítear neamhionannas inscne, ní hamháin damáiste a dhéanamh d'fhorás geilleagrach, ach daoine a sháinniú i mbochtaineacht feadh glúnta, agus go bhféadfaidh corraíl shóisialta agus pholaitíochta leanúint as i roinnt cásanna.

**Difríocht maidir le hinscní:** Tá cearta ban á sárú ar fud an domhain agus fós tá níos lú rochtana ag mná ná fir ar acmhainní agus deiseanna táirgiúla. Mar shampla, níl ach tuairim is an cúigiú cuid de theidil talún sa Tansáin faoi úinéireacht ag mná. Dá ndúnfaí an bhearna sin idir inscní – i dtalamh, i mbeostoc, i saothar, in oideachas, i seirbhísí airgid, agus i dteicneolaíocht – thabharfaí tacaíocht do chearta na mban agus bhainfidh amach go leor don earnáil talmhaíochta agus don tsochaí ina iomlán.

**Méadú daonra:** Tá daonra domhanda de 9.3 billiún duine tuartha ag na NA don bhliain 2050, agus níos mó na 10 billiún faoi dheireadh an chéid seo. Meastar go dtarlóidh go leor den mhéadú sin i dtíortha san Afraic. Meastar go dtiocfaidh méadú 30-40% ar an éileamh ar bhia, uisce agus ar fhuinneamh faoin mbliain 2030. Cuirfidh an méadú sa daonra, chomh maith le meánaicme atá ag méadú agus ceantair uirbeacha ag leathnú i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn agus i mbéal forbartha, strus breise ar acmhainní comhshaoil agus cuirfear táirgeadh agus áirithiú bia faoi an-bhrú. Tá tíortha ar ioncam íseal agus na tíortha sin is leochailí i mbaol titim isteach i gcóras bochtaineachta leanúnach. Tá dúshlán daonra eile ag baint le daonraí atá ag dul in aois, mar gheall ar impleachtaí cúram sláinte, spleáchais agus eile.

**Dul chun cinn, cobhsaíocht agus nuálaíocht:** Agus dúshláin mhóra romhainn, tá an domhain ullmhaithe níos fearr ná riamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus an ceann is fearr a fháil orthu. Tá treochtaí le feiceáil a léiríonn ardú i dtoghcháin dhaonlacha san Afraic fho-Shahárach agus laghdú suntasach i líon na gcoinbhleachtaí armtha nua. Le dul chun cinn i gcúrsaí leighis agus cóireáil le haghaidh galair mharfacha, tá mortlaíocht leanaí laghdaithe go mór. Tá teicneolaíocht faisnéise ag cur ar chumas daoine bochta i dtíortha i mbéal forbartha rochtain a fháil ar eolas bunúsach sláinte, dul i dtreo baincéireacht fhoirmiúil agus bíonn ar rialtais freagracht a ghlacadh, ar bhealaí nárbh léir cúpla bliain ó shin.

> Tá ocras ar bheagnach billiún duine – duine as seachtar de dhaonra an domhain – inniu.

# Ár mbeartas d'fhorbairt idirnáisiúnta

**Leis an mbeartas nua seo, treisítear dlúthbhonn an Pháipéir Bháin ar Chúnamh Éireann, déantar ár gcur chuige a athnuachan agus leagtar amach tosaíochtaí an Rialtais don todhchaí. Tá treo shoiléir agus sainordú láidir ó phobal na hÉireann againn le leanúint lenár ról mar cheannaire sa phobal forbartha idirnáisiúnta.**

## Cúnamh agus tuilleadh

Is léir nach réiteoidh cúnamh amháin fadhbanna na bochtaineachta agus an ocrais. Caithfidh ceannaireacht na dtíortha féin i mbéal forbartha, a gcumas ioncam a chruinniú agus infheistíocht dhíreach eachtrach a threisiú, lánpháirtiú isteach i margaí domhanda agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannas a bheith mar bhonn taca ag réitigh fadseasmhacha. Teastaíonn uainn an méid is féidir a dhéanamh le cúnamh a aithint, ach freisin smaoineamh agus gníomhú anuas ar an gcúnamh sin. Ní cúnamh airgid amháin a thugaimid. Tá glór láidir againn san Aontas Eorpach agus ar an stáitse idirnáisiúnta, agus úsáidfimid é. Agus tá cumas soiléir againn in Éirinn, agus bainfimid leas as. Beimid in ann leanúint le fíordhifríocht a dhéanamh.

## Cur chuige Uile-Rialtais maidir le forbairt idirnáisiúnta

Ní hé ár gclár cúnaimh an t-aon rud a mbíonn tionchar aige ar fhorbairt idirnáisiúnta, ach ár mbeartais i gcoitinne freisin. Agus cé gur threoraigh Páipéar Bán 2006 ar Chúnamh Éireann ár gclár cúnaimh go príomha, beidh an beartas nua seo mar threoir ag ár n-iarrachtaí forbartha go léir – feadh an Rialtais.

Ar bhFís
Domhain inbhuanaithe ina dtabharfar de chumacht ag daoine bochtaineacht agus ocras a shárú agus a gcearta agus a bpoitéinseal a bhaint amach go hiomlán

## Ár n-iarracht a spriocdhíriú

Bainfimid leas as na láidreachtaí atá forbartha againn le blianta fada, lena n-áirítear an fócas láidir atá againn ar bhochtaineacht, clár cúnaimh ar ardchaighdeán a sheachadadh agus an dea-thaifead comhpháirtíochta atá againn.

Mar sin féin, ní chiallaíonn sé go mbeidh gach rud mar a bhí agus muid ag leanúint lenár gcuid oibre. Caithfimid dul in oiriúint dár n-imthosca atá ag athrú chomh maith le freagairt don timpeallacht dhomhanda éagsúil ina bhfuileamar ag obair. Tá gá le beartú tosaíochta breise agus díriú níos mó ar na torthaí atá á mbaint amach againn agus ár gcomhpháirtithe. Tá sé ríthábhachtach an luach is fearr ar airgead is féidir a fháil ó acmhainní teoranta.

Úsáidfear an beartas seo mar bhonn le cinntí a dhéanamh sa tréimhse atá romhainn maidir leis an áit a ndíreoimid ár n-aird agus ár n-acmhainní. Ciallaíonn sé sin níos lú rudaí a dhéanamh ach iad a dhéanamh níos fearr. Beidh sé deacair roinnt de na cinntí sin a dhéanamh - ach déanfaimid iad ar an mbonn go bhfuil treo beartais soiléir againn. Cinnfimid réimse an fhócais áirithe i ngach comhthéacs, agus díreoimid ar an áit ina mbeimid in ann an difear is mó a dhéanamh.

## Ár spriocanna a leagan amach

Beidh na spriocanna a léireofar anseo ina ndlúthchuid dár mbeartas eachtrach.

Agus muid ag déanamh ár ndícheall ár spriocanna a bhaint amach rachaimid i ngleic ní hamháin le héifeachtaí bochtaineachta, ocrais agus neamhshocrachta i dtíortha i mbéal forbartha – oibreoimid chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna, le go mbeimid in ann cuidiú le daoine iad féin a thabhairt amach ó bhochtaineacht.

Tá ár luachanna – inbhuanaitheacht, éifeachtacht agus torthaí, comhionannas, cearta an duine, cuntasacht, comhpháirtíocht, agus comhleanúnachas – ina mbonn taca ag ár spriocanna agus ag an obair uile a dhéanaimid chun iad a bhaint amach.

# SPRIOC 3

## NÍOS LÚ OCRAIS, ATHLÉIMNEACHT NÍOS LÁIDRE

Is é ocras agus leochaileacht a laghdú, agus athléimneacht daoine maidir le tubaistí nádúrtha agus eile a threisiú an tosaíocht is mó atá againn fós.

Cuirfimid lenár n–iarrachtaí lena chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr ar na naisc idir ocras agus dúshláin forbartha eile mar cosaint an chomhshaoil agus neamhionannas inscne, agus go rachfar i mbun gnímh ina leith ar an mbonn práinne is gá.

Díreoimid níos mó ar thíortha a bhfuil géarchéimeanna daonnúla iontu agus iad sin atá leochaileach agus ag teacht chucu féin ó choinbhleacht.

Cuideoimid freisin le hathléimneacht daoine, pobal agus stát a threisiú chun pleanáil agus déileáil leis an leochaileacht bhreise, na rioscaí agus éiginnteachtaí breise a bhaineann le struis an lae inniu agus suaitheadh mar teip barr, athrú aeráide, tubaistí nádúrtha agus coinbhleacht. Ciallaíonn a bheith athléimneach a bheith ullmhaithe níos fearr, a bheith in ann déileáil le rudaí níos fearr agus a bheith níos ábalta teacht ar ais.

## FORBAIRT INBHUANAITHE, FORÁS GEILLEAGRACH UILECHUIMSITHEACH

Ciallaíonn sé sin obair a dhéanamh ar shlí níos straitéisí chun forás geilleagrach a chur chun cinn a rachaidh chun leasa daoine bochta agus atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus tacú le hiarrachtaí a fhreagraíonn go héifeachtach d'athrú aeráide.

Ciallaíonn geilleagair fholláine go bhfuil margaí ag gnólachtaí agus ag feirmeacha, tá ioncaim leordhóthanacha ag líonta tí agus tá daoine aonair in ann leas a bhaint as a gceart slí mhaireachtála mhaith a bheith acu féin agus ag a dteaghlach. Má táthar chun bochtaineacht a laghdú le forás, caithfear, áfach, aghaidh a thabhairt ar neamhionannas, lena n-áirítear neamhionannas inscne.

Dá bhrí sin, cuirfimid forás geilleagrach chun cinn a thacóidh le fostaíocht agus ioncaim, go háirithe dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu – agus ciallaíonn sé sin tacú le forás uilechuimsitheach, le tíortha ag úsáid a n-acmhainní daonna agus nádúrtha féin sa chaoi is go mbainfear an leas is fearr astu.

Ag teacht lenár dtiomantais bheartais féin sa bhaile oibreoimid lena chinntiú go mbeidh forás geilleagrach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de freisin, i dtéarmaí déine carbóin, éifeachtúlacht acmhainní agus athléimneacht aeráide.




## RIALACHAS, CEARTA AN DUINE AGUS CUNTASA-CHT NÍOS FEARR

Táimid cinnte gur treallús cumhachtach iad rialachas níos fearr, cearta an duine a shaothrú – lena n-áirítear comhionannas inscne – agus cuntasacht níos fearr lena chinntiú go laghdófar ocras, go dtreiseofar athléimneacht agus go gcuirfear forbairt inbhuanaithe chun cinn.

Tacóimid le rialachas agus cuntasacht níos fearr a threisiú, agus le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn inár gcuid oibre uile.

**Cad a chillaíonn muid maidir le athléimneacht?**
Is e atá i gceist le athléimneacht ná ábaltacht daoine, pobal agus stáit seasamh in agaidh cuir ar gcúl ar nós tuille, briseadh amach foréigean no titim gan choinne in incom. Le athléimneacht tá tú ullmhaithe níos fearr, tá tú in ann déileáil le rudai níos fearr agus tá tú ábalta teacht ar ais o thubaiste níos fearr.

## Ár n-iarrachtaí a dhíriú

Beidh na spriocanna sin mar na pointí tagartha a ndéanfar cláir forbartha idirnáisiúnta na hÉireann a phleanáil timpeall orthu sna blianta atá romhainn. Déanfaimid tionchar an méid a dhéanfaimid ar shaol daoine a uasmhéadú trínár n-iarrachtaí a dhíriú ar na háiteanna ina ndéanfar an difear is mó. Táimid fós tiomanta a chinntiú, inár gcuid oibre uile, go mbeidh saincheisteanna maidir le hinscne, an comhshaol, VEID agus SEIF, agus rialachas i gceartlár ár gcuid pleanála, cur chun feidhme agus meastóireachta.

Treoróidh sé **ghníomh-réimse tosaíochta** ár gcúnamh agus ár rannpháirtíocht bheartais. Má dhírítear ar na réimsí sin, *agus má oibrítear ar na naisc eatarthu*, cuirfear ar ár gcumas na trí sprioc atá againn a bhaint amach.

# Gníomh-réimsí tosaíochta

## OCRAS DOMHANDA

Mar gheall ar ár stair, ní fhéadfaimid neamhaird a dhéanamh gur cuid den saol é an t-ocras do go leor daoine i dtíortha i mbéal forbartha inniu. Caithfimid obair a dhéanamh le chéile le go n-éireoidh linn sa chomhrac in aghaidh ocras domhanda agus tearc-chothú: Rialtais i dtíortha i mbéal forbartha i gceannas, creidmheas inacmhainne á chur ar fáil ag bainc, an earnáil phríobháideach ag tacú le margaí agus ag cur poist ar fáil, agus nuálaíocht, saineolas teicniúil, agus iarrachtaí laghdaithe ocrais a bhfuil tionchar acu ar bhunchúiseanna á maoiniú ag comhpháirtithe forbartha – lena n-áirítear Éireann.

### Gach a dhéanfaimid

- Ag tógáil tuilleadh ar Thuarascáil 2008 an Tascfhórsa ar Ocras (ar fáil ag www.irishaid.ie), leanfaimid le tús áite a thabhairt don chomhrac in aghaidh an ocrais agus an tearc-chothaithe. Tá an sprioc maidir le 20% de bhuiséad Chúnamh Éireann a chaitheamh go sonrach ar ocras bainte amach ag Éirinn anois. Táimid tiomanta é sin a chothabháil sna blianta atá le teacht.
- Oibreoimid freisin ar shlí a bheidh níos dírithe agus níos idirnasctha. Díreoimid ár rannpháirtíocht sna cúig ghníomh-réimse tosaíochta eile ar aghaidh a thabhairt ar an iliomad gnéithe a bhaineann le hocras agus tearc-chothú.
- Leanfaimid ar aghaidh le ról ceannais domhanda a ghlacadh agus molfaimid cur chuige cuimsitheach sna Náisiúin Aontaithe (NA), san Aontas Eorpach (AE) agus eile maidir le fadhb chasta an ocrais agus an tearc-chothaithe, ag treisiú athléimneachta agus ag aithint ban mar príomhthreallúis ag athruithe dearfacha. Tá ocras ina mhór-ábhar ar chlár oibre Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2013, agus treiseoimid é sin sa tréimhse atá romhainn.
- Inár gcomhpháirtíochtaí, cuirfimid dlús le hiarrachtaí táirgiúlacht talmhaíochta a uasmhéadú, chun forás geilleagrach a choinneáil ag leibhéal na líonta tí agus ag leibhéal tíre agus dul i ngleic le fadhbanna maidir le háirithiú bia. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le feirmeoirí beaga a mbarra a ardú go hinbhuanaithe, athrú go barra níos cothaithí, agus teicnící talmhaíochta athléimneach ó thaobh na haeráide de a úsáid. Spreagfar slite beatha éagsúla i gceantair thuaithe lena chur ar chumas daoine bochta gan a bheith chomh leochaileach do na contúirtí a bhaineann le bheith ag brath ar ghníomhaíocht gheilleagrach amháin.
- Beidh fócas ar leith, inár gclár go léir, ar chomhionannas inscne a chur chun cinn agus feirmeoirí mná le gabháltais bheaga a chumhachtú. Déanfaimid iarracht taighde talmhaíochta a úsáid i ngarraithe feirmeoirí chun cuidiú leo bia níos cothaithí a fhás dá dteaghlach agus dá bpobal. Tacóimid le feirmeoirí beaga le go n-eagróidh siad iad féin ionas go bhféadfaidh siad a rochtain ar mhargaí a fheabhsú.
- Agus muid ag aithint go bhfuil cathracha ar chósta na hAfraice ag méadú go han-tapa, déanfaimid deiseanna a fhiosrú chun tacú le forbairt mhuirí agus chósta ag féachaint go háirithe d'áirithiú bia, an comhshaol agus gníomhaíocht chalafoirt.
- Oibreoimid freisin i dtreo rochtain níos córa ar shócmhainní agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear talamh, uisce, teicneolaíocht, nuálaíocht agus creidmheas, seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, agus seirbhísí comhairliúcháin talmhaíochta. Déanfaidh sé sin cearta a neartú, go háirithe do mhná, táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú, ocras a laghdú agus forás geilleagrach a chur chun cinn.
- Leanfaidh Éire ar aghaidh cothú a chur chun cinn tríd an ngluaiseacht Scaling Up Nutrition (SUN) – comhpháirtíocht comhghnímh atá ag dul i méid, agus creat le cur le gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar thearc-chothú agus ar an maoiniú a theastóidh chun tacú leo. Áirítear tíortha i mbéal forbartha agus gníomhaireachtaí bronntacha, na NA agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach ar thacadóirí. Beidh sé ina thosaíocht againn aghaidh a thabhairt ar thearc-chothú máthartha, naíonán agus leanaí chun fás cranda a chosc, agus díreoimid ar na chéad 1,000 lá idir toircheas mná agus 2ú breithlá a linbh.
- Cinnteoimid go mbeidh ár n-obair faoisimh dhaonnúil nasctha go láidir le hiarrachtaí níos fadtéarmaí chun dul i ngleic le hocras agus tearc-chothú, agus leanfaimid ar aghaidh ag obair go crua le córais bhia inbhuanaithe a thógáil i gcodanna den Afraic atá tugtha do ghorta.

Oibreoimid freisin ar shlí a bheidh níos dírithe agus níos idirnasctha



Etrida Luhanga, feirmeoir ar ghabháltas beag as an Mhaláiv agus an tUasal Dyborn Chibonga, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin National Smallholder Farmers' Association of Malawi (NASFAM), ag tabhairt óráide ag Comhdháil Bhaile Átha Cliath ar Ocras, Cothú agus Ceartas Aeráide in Aibreán 2013. Tugadh chun solais ag an gcomhdháil an ceangal idir na saincheisteanna sin agus thug an tionchar ag bhí ag bochtaineacht ar dhaoine chun airde lucht déanta idirnáisiúnta beartas. *Grianghraf: Mac Innes Photography*

## STÁIT LEOCHAILEACHA


Tá cion de bhoicht an domhain, cion atá ag dul i méid, i dtíortha ina bhfuil éagobhsaíocht agus atá leochaileach. Sna cásanna sin, is iomaí fear, bean agus páiste a mb'fhéidir nach n-éireodh leo éalú ó bhochtaineacht go brách. Is féidir le hathruithe, nuair a tharlaíonn siad, a bheith mall agus neamhshocair. Gan fheabhas ar ioncaim agus ar shlite beatha, agus gan athruithe dearfacha i slándáil agus rialachas, is minic nach n-éiríonn le tíortha dul chun cinn a dhéanamh - rud is cúis le forbairt nó dul chun cinn a stopadh nó le filleadh ar ghéarchéimeanna agus choinbhleachtaí.

Le déanaí, shínigh Éire, i gcomhar le grúpa de 19 tír leochaileacha agus faoi thionchar coinbhleachta, comhpháirtithe forbartha, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, an Beart Nua um Rannpháirtíocht i Stáit Leochaileacha. Leis sin, táthar ag iarraidh fócas níos mó ar pholaitíocht dlisteanach, ceartas, slándáil, boinn gheilleagracha láidre a chur chun cinn agus ar níos mó seirbhísí agus ioncaim níos mó chun tacú le tíortha agus iad ag forbairt ó leochaileacht go cobhsaíocht.

Treiseoimid ár rannpháirtíocht i Siarra Leon agus sa Libéir chun ár dtiomantas an fód a sheasamh le tíortha a thagann as coinbhleacht a léiriú

Leochaileacht san Afganastáin *Griangraf: Panos*

Athdhearbhaímid ár dtiomantas do phrionsabail na daonnachta, na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais oibríochta



## Gach a dhéanfaimid

- Díreoimid ár n-iarrachtaí ar na tíortha sin a bhfuil na riachtanais is géire agus a bhfuil cearta an duine is mó i mbaol, a bhfuil níos mó leochaileachta agus rialtas níos laige le sonrú, agus a bhfuil athshlánú ag tarlú i ndiaidh coinbhleachta. Tá níos mó rioscaí ag baint le bheith ag obair sna timpeallachtaí sin dár gclár, ach tá riosca níos mó fós ag baint le gan aon rud a dhéanamh.
- Déanfaimid tréaniarracht na comhthéacsanna náisiúnta agus áitiúla a thuiscint agus obair leo, an fód a sheasamh agus comhordú lenár gcomhpháirtithe san AE agus eile leis na córais agus institiúidí, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach atá ríthábhachtach do shíocháin, cobhsaíocht agus forbairt, a fhorbairt agus a neartú.
- Treiseoimid ár rannpháirtíocht i Siarra Leon agus sa Libéir chun ár dtiomantas an fód a sheasamh le tíortha a thagann as coinbhleacht a léiriú. San áireamh air sin, déanfar ceann dár naoi bPríomhthír Comhpháirtíochta de Shiarra Leon.
- Fiosróimid na deiseanna le láithreacht a bhunú i dtimpeallachtaí agus réigiúin leochaileacha eile a bhfuil mór-rannpháirtíocht againn iontu. Neartófar an caidreamh atá againn leis an tSiombáib faoi réir ag feabhas i gcobhsaíocht agus sa timpeallacht dhaonlathach ann. Déanfar na hacmhainní breise a theastaíonn le hobair a dhéanamh i dtíortha mar sin a fhritháireamh le laghduithe beartaithe agus céimnithe i gcodanna eile den chlár cúnaimh.
- Trí chur chuige uile-Rialtais a úsáid, cinnteoimid go dtiocfaidh ár rannpháirtíocht pholaitiúil agus thaidhleoireacht leis na tíortha sin, chomh maith lenár rannpháirtíocht laistigh den AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe sna NA, lenár dtacaíocht forbartha agus dhaonnúil.
- Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le hiarrachtaí cur chun feidhme Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil, lena n-aithnítear na dlúthnaisc idir síocháin, slándáil agus forbairt, agus comhionannas inscne agus cearta ban a chur chun cinn. Treoróidh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Cur Chun Feidhme UNSCR 1325, arna sheoladh ag Éirinn le déanaí, ár n-iarrachtaí sa réimse sin. Beidh ról ceannais ag an Aonad Réiteach Coinbhleachta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don Rialtas sa réimse sin.
- Oibreoimid leis an tionchar a bheidh ag ár bhfreagairt dhaonnúil a fheabhsú, a chinnteoidh go ndéanfar níos mó daoine a tharrtháil i dtubaistí a tharlaíonn go tobann agus go ndéanfar tionchar agus déine géarchéimeanna aisfhillteacha a laghdú. Beidh sé mar aidhm againn ár gcúnamh daonnúil agus forbartha a úsáid ar shlí chomhordaithe chun athléimneacht daoine aonair, pobail agus rialtais a threisiú.
- Cuirfidh ár dtacaíocht cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe ar fáil maidir le tubaistí a laghdú. Agus muid i mbun na hiarrachta sin, is é an tábhacht a bhaineann le tacú le próisis agus cumas institiúideach rialtas náisiúnta comhpháirtíochta seachas struchtúir nua agus comhthreomhara a chruthú ár cur chuige roghnaithe.
- Tá ár dtiomantas do na prionsabail dhaonnúla, arb iad sin daonnacht, neamhchlaontacht, neodracht agus neamhspleáchas oibríochta, á athdhearbhú againn. Leanfaimid ar aghaidh ag cur na bprionsabal sin chun cinn ag gach leibhéal, agus coinneoimid le Comhdhearcadh Eorpach an AE maidir le Cúnamh Daonnúil.
- Trínár dtacaíocht d'iarrachtaí NA a chothabháil agus éifeachtacht níos fearr a chur chun cinn, aithnímid ról lárnach na NA maidir le comhordú agus freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla. Leanfaimid le maoiniú solúbtha agus tráthúil a chur ar fáil do NGOnna a bheidh in ann cúnamh daonnúil a chur ar fáil ar bhonn riachtanais.
- Tríd an Tionscnamh Mearfhreagartha, leanfaidh Éire ar aghaidh le pearsanra ardoilte agus soláthairtí éigeandála a imlonnú chuig criosanna tubaiste laistigh d'uaireanta an chloig de ghéarchéim. Féadfar an maoiniú réamhshocraithe atá againn le haghaidh roinnt mór-NGOnna daonnúla a scaoileadh láithreach le tacú le freagairt ghéarchéime.
- Tá tiomantas leanúnach léirithe ag Éirinn do shíocháin agus slándáil idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht in oibríochtaí síochánaíochta, agus leanfaimid leis an traidisiún bródúil sin a threisiú. Beidh gníomh i ndáil le dí-armáil agus mianaigh fós ina phríomhshaincheist d'Éirinn de réir dlí daonnúil idirnáisiúnta agus cosaint chearta an duine.

## ATHRÚ AERÁIDE AGUS FORBAIRT

Braitheann formhór na ndaoine bochta sa domhan go díreach ar an gcomhshaol le maireachtáil. Is iad sin na daoine is mó a mbíonn tionchar ag an meath domhanda i gcoinníollacha comhshaoil orthu mar thoradh ar athrú aeráide agus fachtóirí eile. Le linn Comhdháil na NA ar Fhorbairt Inbhuanaithe in 2012, baineadh amach tiomantas polaitíochta athnuaite maidir le forbairt inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm againn coinneáil leis an tiomantas sin – sa bhaile agus inár gcomhpháirtíochtaí le grúpaí eile – tríd an tsaincheist maidir le hathrú aeráide a chur i gcroílár ár gcuid oibre.

Tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir na gnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil d'fhorbairt. Leanann ár gcur chuige ar aghaidh ó Ár dTodhchaí Inbhuanaithe, Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn, creat beartais an Rialtais do rathúnas náisiúnta glas agus inbhuanaithe.

Díreofar ár n-iarrachtaí ar a chinntiú go bhféadfaidh tíortha i mbéal forbartha, go háirithe ár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta, forbairt ar shlí a bheidh éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, athléimneach ó thaobh aeráide (á gcosaint féin ó rioscaí athrú aeráide) agus íseal in astaíochtaí carbóin.

### Gach a dhéanfaimid

- Tacóimid le tíortha i mbéal forbartha agus le pobail leochaileacha le freagairtí náisiúnta do dhíghrádúcomhsaoil agus athrú aeráide a chur le chéile ar bhonn tosaíochta. Leis sin, leanfaimid ar aghaidh ag díriú go príomha ar athléimneacht daoine a fheabhsú maidir le hathrú aeráide.
- Treiseoimid an tsineirge idir ár gníomh-réimsí tosaíochta agus déanfaimid ár gcláir a mheas in aghaidh na ngnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil d'fhorbairt, aithneoimid a n-idirnaisc agus cinnteoimid go mbeidh siad cothrom i gcónaí.
- Leanfar lenár n-iarrachtaí tacú le bainistiú acmhainní nádúrtha inbhuanaithe (mar shampla séasúracht talún agus torthúlacht ithreacha chothabháil). Tacóimid le tíortha i mbéal forbartha a mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus éiceachórais ríthábhachtacha áitiúla a áirithiú i ngach iarracht forbartha.
- Tá a fhios againn go mbíonn tionchar díréireach ag athrú aeráide ar mhná, agus táimid tiomanta oibriú chun aghaidh a thabhairt air sin trí thacú le hiarrachtaí comhionannas inscne a chur chun cinn.
- Tacóimid le tíortha i mbéal forbartha an poitéinseal atá ag forbairt ghlas a uasmhéadú, lena n-áirítear cur chuigí maidir le ceapadh carbóin (carbón a scaoilfí san atmaisféar a stóráil ina áit é a scaoileadh) chun bochtaineacht a laghdú. Fiosrófar deiseanna le saineolas de chuid na hÉireann a úsáid i réimse na teicneolaíochta glaise agus i ndáil le hastaíochtaí a fhritháireamh.
- Tacóimid le tíortha i mbéal forbartha agus iad ag imeacht ó úsáid neamhéifeachtúil a bhaint as soláthairtí fuinnimh traidisiúnta go foinsí fuinnimh nua-aimseartha mar fuinneamh na gréine agus soirn tíosach ar fhuinneamh a úsáid.
- Díreoimid níos mó ar rioscaí tubaiste a laghdú i gcláir fhorbartha – an bhearna a líonadh idir ár n-idirghabhálacha éigeandála agus ár n-iarrachtaí forbartha agus ár n-iarrachtaí tacaíochta chun cur le hathléimneacht i ndáil le drochthionchair athrú aeráide.
- Tá sé geallta ag an bpobal idirnáisiúnta sa chaibidlíocht athrú aeráide atá ar siúl go leanúnach $100 billiún a chur ar fáil sa bhliain faoi 2020 do ghníomh aeráide i dtíortha i mbéal forbartha. Déanfaidh Éire a rannpháirtíocht i gCreat-Choinbhinsiún na NA ar Athrú Aeráide agus i bpróisis dhomhanda Phrótacal Kyoto a chothabháil, agus déanfar tréaniarracht na hoibleagáidí a leanfaidh astu sin a chomhlíonadh.



**Tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir na gnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil d'fhorbairt**

Rothaí ag dul thar lochán uisce ó oighearchlúideacha atá ag leá ar Mount Kilimanjaro (ar dheis ar chúl). *Grianghraf: Petterik Wiggers, Panos*

## TRÁDÁIL AGUS FORÁS GEILLEAGRACH

Má táthar chun réiteach inbhuanaithe a fháil ar bhochtaineacht, caithfidh tíortha a n-ioncam féin a chruthú. Is féidir é sin a bhaint amach trí fhorás geilleagrach marthanach agus cothrom a leanfaidh fostaíocht, trádáil, infheistíocht, agus folláine níos fearr ag daoine as. Caithfear gnó agus nuálaíocht a spreagadh agus caithfidh daoine a bheith in ann obair chuibhiúil a fháil. Tá deis anois againn ár gcomhoibriú forbartha a nascadh níos fearr leis na gnéithe eile dár rannpháirtíocht san Afraic, tríd an Straitéis don Afraic (ar fáil ag www.dfat.ie) a foilsíodh i Meán Fómhair 2011. Leagtar amach creat cuimsitheach ann do chaidreamh geilleagrach, polaitiúil agus forbartha na hÉireann leis an Afraic sna blianta atá le teacht.




Pictiúr a tógadh ag seoladh Chiste Forbartha Agraibhia na hAfraice i Márta 2012, ó dheis go clé: H.E. Catherine Muigai Mwangi, Ambasadóir na Céinia, Joe Costello, T.D., Aire Stáit do Thrádáil agus Forbairt, Simon Coveney, T.D., An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eamon Gilmore, T.D., An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, H.E. Peter Allan Kallaghe, Ambasadóir na Tansáine. *Grianghraf: Shane O'Neill, Fennells Photography*

Cuirfimid an Straitéis don Afraic i bhfeidhm agus leathnóimid na naisc atá againn le tíortha san Afraic, forbróimid caidrimh, lena n-áirítear naisc neartaithe thrádála, infheistíochta, agus naisc idir dhaoine

I gcomhar lenár bpáirtí, the Apparel Lesotho Alliance to Fight Aids (ALAFA), chuidigh Cúnamh Éireann le seirbhísí a chur ar fáil d'oibrithe éadaí a bhfuil VEID ag dul dóibh. *Grianghraf: ALAFA/Esposito*



## Gach a dhéanfaimid

> Cuirfimid an Straitéis don Afraic i bhfeidhm agus leathnóimid na naisc atá againn le tíortha san Afraic, forbróimid caidrimh, lena n-áirítear naisc neartaithe thrádála, infheistíochta, agus naisc idir dhaoine.

> Treiseoimid ár rannpháirtíocht leis an Afraic Theas agus Vítneam agus bainfimid úsáid as na ceachtanna ó na tíortha sin le bheith mar thionchar ag ár gcur chuige i dtíortha eile i mbéal forbartha ag dul i dtreo an stádais Tír Mheán-Ioncaim.

> Déanfaimid ár láithreacht ar an talamh san Afraic Thoir a neartú mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise don Afraic, agus leis sin bainfimid leas as comhtháthú geilleagrach agus trádáil sa réigiún. Cuideoidh sé sin linn dul i mbun rannpháirtíocht níos straitéisí le hobair dhaonnúil sa réigiún.

> Táimid fós an-tiomanta don phrionsabal gur chóir go mbeadh cúnamh oifigiúil na hÉireann gan choinníoll - is é sin nach mbraithfeadh sé ar earraí ná seirbhísí a fháil ó Éirinn. Ag an am céanna, fiosróimid sineirgí idir ár gclár cúnaimh agus earnálacha ina bhfuil saineolas áirithe nó buntáiste comparáideach ag cuideachtaí de chuid na hÉireann. Leis sin, beimid ag iarraidh réimsí a aithint ina bhféadfaidh comhoibriú idir Cúnamh Éireann agus tionscal na hÉireann a bheith tairbheach dár gcomhpháirtithe forbartha.

> Déanfaimid ár gcláir a mheasúnú le feiceáil conas atá siad ag cuidiú le tíortha a bheith neamhspleách ar chúnamh. Rachaimid i mbun iarrachtaí cuidiú le tíortha i mbéal forbartha a dtimpeallacht ghnó agus infheistíochta a fheabhsú, lena n-áirítear rialachas an mhargaidh saothair, agus a n-ioncam intíre féin a chruthú ar bhealaí níos éifeachtúla, níos cothroime, agus a chuireann dea-rialachas agus forbairt chothrom agus uilechuimsitheach chun cinn níos fearr. Oibreoimid ag an leibhéal domhanda le hiarrachtaí a chur chun cinn chun sreabhadh airgeadais neamhcheadaithe agus imeacht caipitil a chomhrac.

> Tá sé feicthe againn gur féidir forás inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chur chun cinn le bainistiú éifeachtach acmhainní nádúrtha. Tacóimid leis sin trí leanúint ar aghaidh ag díriú ar chórais rialachais agus bhainistíochta airgeadais phoiblí láidre agus chuntasacha. Oibreoimid freisin ag an leibhéal domhanda chun aghaidh a thabhairt ar na nithe atá mar phríomhthreallús ag éilliú.

> Inár rannpháirtíocht ar fhorás geilleagrach, tá fócas ar leith againn ar na daoine sin a fhágtar ar gcúl. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear iarrachtaí a dhíriú ar na daoine sin is mó atá eisiata, agus aghaidh a thabhairt go toiliúil ar na neamhionannais a bhíonn roimh dhaoine. Teastaíonn fócas níos mó ar dhinimic cumhachta agus eisiaimh atá mar bhonn ag bochtaineacht agus comhionannas chun é sin a dhéanamh.

> Cuirfimid cuimsiú cuspóirí le poist a chruthú i bpleananna, creataí laghdaithe bochtaineachta agus buiséid náisiúnta ár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta chun cinn. Is saincheist ar leith é dífhostaíocht i measc daoine óga a gcaithfear aghaidh a thabhairt air. Cuirfimid freisin lenár n-iarrachtaí lena chinntiú go gcuimseofar daoine faoi mhíchumais sa láthair oibre agus i ngníomhaíocht gheilleagrach i dtíortha i mbéal forbartha.

> Is féidir le trádáil idirnáisiúnta ról mór a bheith aige maidir le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn agus bochtaineacht a mhaolú. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le trádáil ar roinnt bealaí dírithe, agus athbhreithneoimid tionscnaimh thrádála chun ár dtaithí a chomhthiomsú agus réimsí ina bhféadfar feabhas a dhéanamh a aithint. Áirítear ‘cúnamh trádála’ agus tionscnaimh chóirthrádála air sin.

> Leanfaimid, mar bhall den AE, le córas riailbhunaithe na hEagraíochta Domhanda Trádála a chur chun cinn go tréan le bheith mar bhonn taca ag forbairt gheilleagrach, chomhshaoil agus shóisialta i dtíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear tríd an mbabhta is déanaí de chaibidlíocht trádála Doha reatha a thabhairt chun críche. Idir an dá linn, lenár rannpháirtíocht laistigh den AE, déanfaimid iarracht a chinntiú go dtacóidh Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch a rachfar ina mbun go soiléir le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, comhtháthú réigiúnach agus comhtháthú na hAfraice sa gheilleagar domhanda.

> Tacóimid le comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt idir na hearnálacha agraibhia in Éirinn agus san Afraic. Seoladh Ciste Forbartha Agraibhia na hAfraice, comhthionscnamh nuálach idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, le déanaí agus forbrófar comhpháirtíochtaí leis sa Tansáin agus sa Chéinia i dtosach.

> Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go dtiocfaidh forbairt gheilleagrach, lena n-áirítear rannpháirtíocht cuideachtaí de chuid na hÉireann, lenár dtiomantas do chearta an duine, ar nós i ndáil le comhionannas inscne, obair chuibhiúil, nó cearta grúpaí imeallaithe. Beidh creat beartas na NA maidir le dúshláin ghnó agus chearta an duine a bhainistiú níos fearr mar threoir againn. Tá sé sin bunaithe ar an dualgas atá ar stáit cosaint i gcoinne treascairtí ar chearta an duine ag tríú páirtithe, an fhreagracht chorparáideach meas a léiriú ar chearta an duine, agus cumas níos fearr íospartach rochtain a fháil ar réiteach iomchuí nuair a tharlaíonn sáruithe.

# SEIRBHÍSÍ RIACHTANACHA

Tá sé lárnach rochtain ar sheirbhísí sóisialta riachtanacha ar ardchaighdeán mar seirbhísí sláinte, oideachais, seirbhísí a bhaineann le VEID agus SEIF, agus coimirce shóisialach a fheabhsú má tá cearta an duine le réadú, bochtaineacht, ocras agus neamhionannas le laghdú agus forás geilleagrach uilechuimsitheach le chur chun cinn.

## Gach a dhéanfaimid

- Leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh i rochtain ar sheirbhísí sóisialta riachtanacha a fheabhsú do dhaoine leochaileacha, agus ag tacú le hiarrachtaí áitiúla monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí. Chun seachadadh seirbhísí a fheabhsú, tacóimid le hathruithe institiúideacha ionas go neartófar caidreamh cuntasachta idir lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhísí, agus saoránaigh.
- Oibreoimid i dtreo níos mó oideachais agus oideachas níos fearr a chur ar fáil i dtíortha i mbéal forbartha. Ciallaíonn sé sin rochtain ar oideachas a fheabhsú, go háirithe do na daoine sin atá imeallaithe. Tabharfar aghaidh freisin ar chaighdeán oideachais, ionas go mbainfidh gach leanbh a fhreastalóidh ar scoil bunscileanna uimhearthachta agus litearthachta.
- Leanfaimid ar aghaidh ag díriú ar oideachas cailíní i ndiaidh an leibhéal bunscoile mar go bhfuil a fhios againn go leanann sláinte agus cothú níos fearr sa tsochaí as oideachas cailíní.
- Oibreoimid lena chinntiú go bhforbrófar córais oideachais le freastal d'éilimh na margaí saothair a thiocfaidh chun cinn. Agus muid ag díriú ar bhunscolaíocht ar ardchaighdeán, tacóimid freisin le cláir mheánoideachais agus, nuair is féidir, cláir d'oideachas treasach, agus beimid ag iarraidh iad a nascadh le deiseanna foráis gheilleagraigh.
- Tacóimid le forbairt gairmscileanna trí thacú le hoiliúint óige, atá ríthábhachtach le dul i ngleic le dífhostaíocht i measc daoine óga.
- Maidir le sláinte, díreoimid ar chórais a neartú, lena n-áirítear fórsa saothair sláinte oilte chun bunseirbhísí sláinte a mhaoirsiú agus a sheachadadh, a shroichfidh na daoine sin is géire a dteastóidh siad uathu. Teastóidh tuiscint agus aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá i gceist do chomhrochtain ar sheirbhísí sláinte chun é sin a dhéanamh.
- Ar aon dul le 'Plean Gnímh Chaireo', tacóimid le hiarrachtaí mortlaíocht máithreacha agus naíonán a laghdú agus rochtain uilíoch ar shláinte atáirgthe a chur chun cinn, lena n-áirítear cúram réamhbhreithe agus seirbhísí pleanála clainne. Tá sé lárnach do chumhachtú ban agus sláinte náisiún go mbeadh rochtain ar chúram sláinte máthartha agus atáirgthe ar ardchaighdeán, go dtacófaí le máithreachas sábháilte agus go dtabharfaí smacht do mhná ar a dtorthúlacht féin, laistigh de chomhthéacs creataí reachtaíochta náisiúnta.
- Ag tógáil ar an meas idirnáisiúnta atá tuillte ag Éirinn trínár gcuid oibre ar VEID agus SEIF, leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh, go domhanda, go réigiúnach agus ag leibhéil tíortha leis an bpaindéim a shárú. Le tosaíochtaí amach anseo go háirithe, díreofar tuilleadh airde ar chosc éifeachtach, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannas agus ar fhoréigean inscne-bhunaithe.
- Tacóimid le cláir choimirce sóisialaí iomchuí agus inbhuanaithe a chur i bhfeidhm lena dtabharfar aghaidh ar neamhionannas trí dhíriú ar na líonta tí, mná agus leanaí is boichte go háirithe, agus rochtain ar bhunseirbhísí a fheabhsú. San áireamh air sin beidh cláir maidir le cúnamh sóisialta, aistriú airgid agus slándáil ioncaim.
- Oibreoimid feadh ár gcláir lena chinntiú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumais a lánphoitéinseal a bhaint amach, trí rochtain a fháil ar sheirbhísí agus trí chumhachtú, lena n-áirítear i dtimpeallachtaí leochaileacha agus i bhfreagairtí daonnúla ag teacht le Coinbhinsiún na NA maidir le Daoine faoi Mhíchumais.
- Caithfear rochtain ar sheirbhísí a chomhlánú le rochtain ag na boicht ar eolas agus ar tháirgí riachtanacha. Tacóimid le hiarrachtaí cur le sreabhadh eolais, lena n-áirítear trí na meáin iomchuí a úsáid, agus infhaighteacht tráchtearraí riachtanacha tríd an earnáil phríobháideach (mar líontáin leapa chun maláire a chosc, frithghiniúnaigh, taibléid íonúcháin uisce agus gallúnach) araon.



Tá oideachas cailín ar cheann de chearta an duine agus leanann sláinte agus cothú níos fearr sa tsochaí as

Regina Pakome ag freastal ar mheánscoil Mkono Wa Mara, An Tansáin.
*Grianghraf: Pieternella Pieterse*

## CEARTA AN DUINE AGUS CUNTASACHT

Is gné bhunúsach de bheartas eachtrach agus clár cúnaimh na hÉireann é ar dtiomantas do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Ní fhéadfar forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ach amháin trína chinntiú go mbeidh cearta an duine mar bhonn taca ag gach réimse d'fhorbairt.

Is comhpháirteanna ríthábhachtacha iad dea-rialachas agus cuntasacht le haghaidh cearta an duine a réadú agus tá siad lárnach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas, an t-idirdhealú agus an t-eisiamh a bhíonn ag croílár na bochtaineachta.

**Cinnteoimid go ndéanfar prionsabail agus caighdeáin maidir le cearta an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhtháthú inár n-iarrachtaí forbartha**

Mná ag máirseáil in aghaidh Foréigin de Bharr Inscne sa tSúdáin: *Grianghraf: UN Photos/ Albert Gonzalez Farran'*



### Gach a dhéanfaimid

- Táimid tiomanta ár gcur chuige maidir le cearta an duine a athnuachan trína chinntiú go ndéanfar na prionsabail chearta an duine, arb iad sin neamh-idirdhealú, comhionannas, cumhachtú, páirtíocht, trédhearcacht agus cuntasacht, a chomhtháthú feadh ár n-iarrachtaí forbartha. Leis sin, cuirfimid le comhlíonadh ár dtiomantas maidir le cearta an duine go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear sna réimsí obair chuibhiúil, comhionannas inscne, cearta do leanaí agus míchumas a chur chun cinn.
- Le comhaltas na hÉireann ar Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine ó 2013-15, tugtar deis bhreise ról láidir agus bríomhar a bheith againn maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain.
- Cinnteoimid go mbeidh naisc láidre idir ár rannpháirtíocht beartais ag na NA, an AE agus ag fóraim idirnáisiúnta eile agus ár gcláir ar an talamh.
- Laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, cinnteoidh an tAonad um Chearta an Duine agus Cúnamh Éireann comhleanúnachas i ngach gné dár mbeartas eachtrach a bhaineann le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Oibreoimid leis na hinstitiúidí, arb iad sin daonlathas, riail an dlí agus cuntasacht, sna tíortha a mbímid ag obair iontu a neartú ionas go n-oibreoidh siad ar mhaithe le saoránaigh, go háirithe iad sin atá imeallaithe nó eisiata. I gcásanna a laghdaítear an tiomantas do chearta an duine, nó a lagaítear cuntasaíocht, athbhreithneoimid ár rannpháirtíocht agus déanfaimid aon choigeartuithe is gá, mar a rinneamar roimhe seo.
- Oibreoimid chun cumas na rialtas náisiúnta agus áitiúil agus a gcomhpháirtithe dul i ngleic le hocras, athléimneacht a threisiú agus forás geilleagrach a thiomáint a neartú. Leanfaimid ag díriú ár n-iarrachtaí

## Gach a dhéanfaimid

ar bheartais agus institiúidí éifeachtacha a thógáil, chomh maith le páirtíocht an phobail a spreagadh sa phróiseas daonlathach.

> Léiríonn fianaise gur fearr a oibríonn réitigh áitiúla, a bhíonn sáite i réadúlachtaí áitiúla arna dtacú ag ceannaireacht láidir. Tá sé mar aidhm againn forbairt áitiúil a thuiscint agus a chur chun cinn níos fearr agus bochtaineacht a laghdú ag leibhéil áitiúla. Mar chuid de sin, tacóimid le cumas príomhghníomhaithe (mar rialtais áitiúla, sochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, agus pobail) freagairt do riachtanais agus réadúlachtaí áitiúla - agus an t-eispéireas sin a úsáid mar fhaisnéis dár rannpháirtíocht bheartais i gcoitinne.

> Inár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta agus trínár gcomhpháirtíocht le Cumann na bParlaiminteoirí Eorpacha le haghaidh na hAfraice (AWEPA), cuirfimid ár dtacaíocht ar aghaidh do ról ríthábhachtach na bparlaimintí náisiúnta maidir le rialtais a mhaoirsiú agus a choinneáil cuntasach dá n-oibleagáidí i ndáil le cearta an duine, agus as torthaí forbartha soiléire a bhaint amach. Agus oibreoimid lena chinntiú go gcuirfear an chabhair a chuirfidh Éire ar fáil san áireamh i mbuiséid náisiúnta, le go bhféadfaidh parlaimintí a chinntiú go n-úsáidfear na hacmhainní sin go héifeachtach.

> Buaileann éilliú gach sochaí agus tógann sé ó fhorbairt trí acmhainní a athstiúradh, institiúidí a lagú agus cur le coinbhleacht agus leochaileacht. Leanfaimid le rannpháirtíocht leis na hinstitiúidí go léir a mbímid ag obair leo sa troid in aghaidh éillithe, agus cuirfimid cultúr neamhfhulaingthe ar gach cleachtas éillitheach chun cinn. Neartóimid ár nósanna imeachta chun cuidiú le tíortha i mbéal forbartha fáltais éillithe a aisghabháil agus déanfaimid breabaireacht a chomhrac, ag teacht lenár n-oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le hinstitiúidí iniúchta neamhspleácha i dtíortha i mbéal forbartha le go bhféadfar caiteachas a rianú agus a thuairisciú do pharlaimint. Cuirfear páirtíocht phobail thairbhíocha le cláir chabhrach a mhaoirsiú agus seirbhísí áitiúla a sheachadadh chun cinn. Maidir leis an maoiniú a chuirfimid ar fáil, déanfaimid gach riosca a bhainistiú go forghníomhach – agus gníomhóimid go cinntitheach i gcás go dtarlóidh éilliú.

> Tuigimid go rí-mhaith an t-idirdhealú agus na neamhionannais a bhíonn roimh ghrúpa leochaileacha áirithe. Dílseoimid níos mó acmhainní chuig comhionannas deiseanna agus míchumas, tacóimid le tionscnaimh shainiúla chomh maith lena chinntiú go ndéanfar na saincheisteanna sin a chomhtháthú go héifeachtach inár n-obair leanúnach.

> Tá Éire tiomanta do Choinbhinsiún na NA maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú agus táthar ag glacadh céimeanna faoi láthair chun an reachtaíocht riachtanach intíre a leagan síos.

> Tá comhionannas inscne ina phríomhghné de chuntasacht dhaonlathach. Is gníomhairí tábhachtacha d'athrú iad mná, agus leanfar le tús áite a thabhairt do thacú lena nglór agus é a neartú i gcinnteoireacht ag gach leibhéal inár n-iarrachtaí forbartha, mar a léirítear i Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-16.

> Is treascairt ollmhór ar chearta an duine é foréigean inscnebhunaithe, agus tá sé in ann tionchair thromchúiseachas a bheith aige ar shláinte, ar fholláine agus ar shlite beatha ban. Leanfaimid le ról gníomhach a bheith againn i gCuibhreannas na hÉireann um Fhoréigean Inscnebhunaithe – comhthionscnamh uathúil idir gníomhaireachtaí daonnúla, forbartha agus chearta an duine de chuid na hÉireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Óglaigh na hÉireann - agus bíonn siad ag obair le chéile chun foghlaim a roinnt agus cur lenár gcumas foréigean inscnebhunaithe a chosc agus freagairt dó i dtíortha i mbéal forbartha.

> Oibreoimid chun cearta leanaí a chosaint, lena n-áirítear Treoirlínte Chúnamh Éireann maidir le Cosaint Leanaí a chur i gcrích in 2013 agus cur lenár rannpháirtíocht i ndáil leis an tsaincheist a bhaineann le saighdiúirí ar leanaí iad i gcoinbhleachtaí armtha. Cuirfimid cearta agus leas leanaí i gcásanna leochaileacha chun cinn agus cuirfimid maoiniú ar fáil ina leith.

> Creidimid go bhfuil sochaí shibhialta láidir i gcroílár na cuntasachta agus na forbartha. Tuigimid go bhfuil eagraíochtaí sochaí sibhialta in go leor tíortha faoi bhrú le blianta beaga anuas agus iad i mbun a róil dlisteanaigh i bhforbairt. Leanfaimid ar aghaidh lenár nglór, an tionchar atá againn agus ár gcomhpháirtíochtaí a úsáid le cumas eagraíochtaí sochaí sibhialta oibriú a chosaint agus a chur chun cinn agus le timpeallacht chumasaithe a spreagadh do chosantóirí chearta an duine – agus déanfaimid monatóireacht air sin na háiteanna a mbímid ag obair.

> Tuigimid an ról cumhachtach is féidir a bheith ag timpeallacht meán ilghnéitheach, iolraíoch agus ghairmiúil maidir le rochtain a thabhairt ar eolas agus díospóireacht, agus maidir lena chinntiú go bhféadfar leas a bhaint as an gceart tuairimíochta mar a aithnítear i ndlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Tá na meáin in ann a bheith ina n-uirlis thábhachtach lena chur ar chumas saoránach a rialtais a dhéanamh cuntasach. Tacóimid, nuair is cuí, le tionscnaimh sa réimse sin sna tíortha ina mbímid ag obair.

# Ár dtionchar a uasmhéadú

Ciallaíonn an timpeallacht gheilleagrach reatha in Éirinn go gcaithfimid tionchar ár n-iarrachtaí maidir le forbairt idirnáisiúnta a uasmhéadú níos mó anois ná riamh cheana. Déanfaimid é sin ar roinnt bealaí tábhachtacha.

## Cuíchóiriú agus fócas níos fearr

Teastaíonn uainn a bheith níos dírithe i ngach a dhéanfaimid, agus teastaíonn ár rannpháirtíocht, ár gcláir agus ár ngníomhaíochtaí a chuíchóiriú. Le go bhfaighimid an luach is fearr is féidir ar airgead agus an tionchar is mó, caithfimid ár n-iarrachtaí a dhíriú ar na háiteanna a fhéadfaimid an difear is mó a dhéanamh.

Is é sin an chúis a bhfuilimid tiomanta:
- An beartas seo a úsáid mar bhonn leis na cinntí deacra a dhéanamh sna blianta atá romhainn maidir leis an áit a ndíreoimid a n-aird, agus ár n-acmhainní. Nuair is gá, tarraingeoimid siar tacaíocht ó chláir nach bhfuil tús áite tugtha dóibh.
- Tionchar a mhéadú i bPríomhthíortha Comhpháirtíochta trínár rannpháirtíocht a dhíriú ar líon earnálacha níos lú.
- Ár dtacaíocht d'eagraíochtaí iltaobhacha a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil sé ailínithe go hiomlán lenár spriocanna.
- Leanúint lenár tacaíocht do NGOnna a athdhíriú agus a ghéarú, bunaithe ar chomhthosaíochtaí agus ar thorthaí a bhaint amach.

## An buiséad cúnaimh atá againn a mhaoiniú

Tá an Rialtas fós tiomanta an sprioc 0.7% d'Ollioncam Náisiúnta a leithdháileadh ar chomhoibriú forbartha idirnáisiúnta a bhaint amach, mar a luaitear sa Chlár don Rialtas. Ag glacadh leis na deacrachtaí geilleagracha atá ann faoi láthair, déanfaidh an Rialtas iarracht caiteachas ar chúnamh a choinneáil ag leibhéil reatha, agus dul i dtreo na sprice 0.7% nuair a thiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar.

## A chinntiú go bhfanfaidh ár gcuntasacht agus ár dtrédhearcacht féin láidir

Ag teacht le tiomantais an Rialtais d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, táimid tiomanta d'oscailteacht, trédhearcacht agus do chuntasacht do mhuintir na hÉireann agus dár gcomhpháirtithe sa mhéid a dhéanaimid, sa tslí a oibrímid, agus sa mhéid atá á bhaint amach againn.

Faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanfar comhalta den Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte d'Éirinn, tionscnamh domhanda nua a thabharfaidh rialtais i dtíortha forbartha agus i mbéal forbartha agus sochaí shibhialta le chéile ag brú i dtreo oscailteacht agus trédhearcacht níos fearr i rialtas. Spreagfaimid ár dtíortha comhpháirtíochta leis an rud céanna a dhéanamh.

Cuirfimid ár dtiomantais idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht i ndáil le cúnamh i bhfeidhm go hiomlán. Dá bhrí sin, déanfaimid infheistíocht agus oibreoimid i dtreo ár sonraí maidir le cúnamh a fhoilsiú faoin bhformáid agus faoin gcaighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta faoi 2015 ar a dheireanaí.

Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe – rialtais, NGOnna, eagraíochtaí iltaobhacha, agus eile, – lena chinntiú go gcloífidh siad le caighdeáin chuntasachta agus trédhearcacha chomhchosúla. Ar an mbealach sin, beidh muintir na hÉireann in ann cá bhfuil agus conas atá a n-airgead á chaitheamh, agus cad iad na torthaí atá á mbaint amach a fheiceáil níos fearr.

Trí rannpháirtíocht dhearfach leanúnach na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leis an Oireachtas agus le coistí an Oireachtais, lena n-áirítear an Coiste um Chuntais Phoiblí, an Comhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus an Comhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh, beimid trédhearcach, cuntasach agus rachaimid i mbun maoirseachta le haghaidh muintir na hÉireann maidir lenár dtiomantas a sheachadadh.

Cinnteoimid go leagfar amach go soiléir i dTuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann an tslí agus an áit ar caitheadh an leithdháileadh bliantúil don chlár cúnaimh, agus na torthaí atá á mbaint amach againn agus ag ár gcomhpháirtithe. Tá feidhm mhaoirseachta thábhachtach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag Coiste Iniúchta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead an chláir chúnaimh a chinntiú. Cinnteoimid go n-éascófar iad sin go hiomlán agus muid ag féachaint agus ag athbhreithniú ár gclár ar an talamh.

Déanfar gach iarracht a chinntiú nach ndéanfar ár maoiniú do chabhair a nochtadh d'éilliú d'aon chineál. Bunófar cinntí ar chórais rialtais nó ar chomhpháirtithe eile a mhaoiniú ar dhiananailís ar chórais, agus déanfar aon rioscaí a bhainistiú go forghníomhach.

Táimid cuntasach freisin do na comhpháirtithe a mbímid ag obair leo. Inár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta, leanfaimid lenár dtiomantas láidir do chuntasacht fhrithpháirteach, mar athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht bhronntach.

Táimid cuntasach do Choiste Cúnaimh Forbartha an OECD agus eile a thugann dúshlán dúinn, agus an ceart acu, leanúint le caighdeán agus tionchar ár gcúnaimh a fheabhsú trí chomhaontuithe idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí níos fearr a chur ar fáil – mar an Chomhpháirtíocht Dhomhanda nua arna chomhaontú in Busan, i bPoblacht na Cóiré i mí na Nollag 2011.

Táimid cuntasach don phobal idirnáisiúnta as ár n-oibleagáidí faoi Chairt na NA agus an creat Idirnáisiúnta um Chearta an Duine. Tugaimid tuairisc go rialta maidir lenár n-iarrachtaí na n-oibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear ár n-oibleagáid cabhrú agus comhoibriú go hidirnáisiúnta. Léirítear chomh maith is a thugaimid cuntas ar ár bhfeidhmíocht in Iarscríbhinn 1.

## Cur chuige Uile-Rialtais

Tá a fhios againn gur fearr a fhéadfar torthaí forbartha a bhaint amach nuair a chomhlánaíonn beartais agus gníomhartha Rialtais a chéile.

Sa tréimhse atá le teacht, aithneoimid sainréimsí beartais ina bhféadfar cur le comhleanúnachas, chomh maith le táscairí chun feidhmíocht a rianú. Neartóimid an ról maoirseachta atá ag an gCoiste Idir-Rannach um Fhorbairt. Beidh an Coiste sin freagrach as tuarascáil dhébhliantúil a chur le chéile ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le comhleanúnachas beartas d'fhorbairt, a chuirfidh an tAire Stáit le freagracht do Thrádáil agus Forbairt faoi bhráid an Rialtais, agus Comhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil.

Cuirfimid comhleanúnachas níos fearr chun cinn freisin maidir le beartais AE, mar a thuairiscítear ar bhonn bliantúil i dTuarascáil an AE ar Chomhleanúnachas Beartas d'Fhorbairt.

Leanfaimid le comhoibriú éifeachtach a chinntiú feadh an Rialtais maidir lenár spriocanna beartais a bhaint amach, lena n-áirítear trí chomhchláir feadh Ranna i réimsí mar fhorbairt an tionscail agraibhia, maolú athrú aeráide, acmhainní daonna do shláinte, cáin agus forbairt, agus síocháin agus slándáil.

Leis an Straitéis don Afraic a chur i bhfeidhm, neartóidh sé sin ár gcomhleanúnachas chomh maith. Cuirfear comhoibriú chun cinn le tionscnaimh náisiúnta agus gníomhaireachtaí stáit in Éirinn d'fhonn infheistíocht a éascú i dtíortha i mbéal forbartha. Tríd an Straitéis don Afraic, cuirfimid ár gcomhpháirtíochtaí polaitiúla, geilleagracha agus forbartha chun cinn ar shlí chomhsheasmhach – agus tacóidh gach gné lena chéile.

## Rannpháirtíocht idirnáisiúnta láidir

Tacaíonn Éire go mór le hiarrachtaí iltaobhacha, mar go dtuigimid go dteastaíonn réitigh domhanda do dhúshláin dhomhanda.

Tá ár rannpháirtíocht ag an leibhéal idirnáisiúnta ina cuid riachtanach dár mbeartas eachtrach. Tugann sé glór níos láidre dúinn. Cuireann sé ar ár gcumas dul i ngleic le diminsin dhomhanda na bochtaineachta agus an neamhionannais, agus na spriocanna a leagtar amach sa Bheartas seo a chur chun cinn. Méadaíonn sé an tionchar is féidir linn a bheith againn trínár n-iarrachtaí a chur le hiarrachtaí daoine eile. Agus éascaíonn sé comhordú níos fearr, lena n-áirítear ag an leibhéal tíre.

Trí bheith páirteach go gníomhach i gcomhráite beartas agus clár lenár bpríomh-chomhpháirtithe iltaobhacha - na NA, an AE, an Banc Domhanda agus institiúidí idirnáisiúnta eile, mar Bainc Forbartha na hAfraice agus na hÁise agus an OECD - déanaimid tréaniarracht éifeachtacht níos fearr agus torthaí níos fearr a chinntiú do dhaoine atá i mbochtaineacht.

Féachaimid chuig na NA le seasamh leis na luachanna uilíocha, arb iad sin síocháin, slándáil, cearta an duine agus forbairt, a leagtar amach i gCairt na NA. Tá na NA uathúil le déileáil le dúshláin idirnáisiúnta. Níl an tionchar domhanda céanna ná an t-údarás polaitiúil, morálta nó dleathach ag aon eagraíocht eile le dul i mbun gnímh. Leanfaimid ar aghaidh lenár spriocanna beartais a chur chun cinn ag na NA, agus oibreoimid lena chinntiú go mbeidh córas na NA féin níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

> Is fearr a fhéadfar torthaí forbartha a bhaint amach nuair a chomhlánaíonn beartais agus gníomhartha Rialtais a chéile

Le haghaidh gach euro a chaitear ar chúnamh ar fud an domhain, tagann níos mó ná 50 cent ón AE agus a Bhallstáit. Is mór an tiomantas é sin. Agus táimid bródúil a bheith mar chuid den iarracht sin. Tá curtha go mór lenár nglór sa domhan agus lenár mbeartas eachtrach trínár rannpháirtíocht i gComhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Mar phobal le comhluachanna, tá an AE in áit uathúil le ról a bheith aige ag tacú le síocháin agus cobhsaíocht idirnáisiúnta.

Agus muid ina gcomhalta den AE, tá ár gcomhiarrachtaí forbartha in ann tionchar níos mó a bheith acu agus níos mó daoine a shroicheadh. Le ról lárnach an AE i bhforbairt idirnáisiúnta, tuigimid chomh luachmhar is atá sé tionchar a bheith ar bheartas AE. Déanfaimid ár gcuid maidir lena chinntiú go leanfaidh an AE ar aghaidh le cúnamh a sheachadadh a bheidh éifeachtach agus a chuideoidh leo siúd is géire a dteastaíonn sé uathu. Is éard a bheidh i gceist leis sin, oibriú ag leibhéal an AE sa Chomhairle agus lenár gcomhpháirtithe i bParlaimint na hEorpa, sa Choimisiún Eorpach agus sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus comhordú lenár gcomhpháirtithe AE ag leibhéal na tíre comhpháirtíochta.

> Le haghaidh gach euro a chaitear ar chabhair ar fud an domhain, tagann níos mó ná 50 cent ón AE agus a bhallstáit

Tá níos mó comhordaithe agus dul chun cinn ar chomhchláir mar chuid d'fhís nua bheartas forbartha an AE, 'Clár Oibre d'Athrú' (ar fáil ag www.ec.europa.eu/europeaid). Leis an mbeartas sin, déantar an AE agus a Bhallstáit a thiomnú don sprioc bochtaineacht a dhíothú, agus cuirtear cearta an duine, dea-rialachas, daonlathas agus forás uilechuimsitheach agus inbhuanaithe ag croílár iarrachtaí forbartha an AE. Tá ár spriocanna ailínithe go mór leis an gcomhiarracht sin.

Táimid tiomanta ár rannphairtíocht le Grúpa an Bhainc Dhomhanda a threisiú, aithnímid a ról mar cheann de na comhpháirtithe forbartha ceannais sa domhan. Tacóimid leis an mBanc Domhanda chun cur lenár spriocanna beartais agus leanfaimid le hathchóiriú agus nuachóiriú leanúnach an Bhainc Dhomhanda a chur chun cinn lena héifeachtacht, éifeachtúlacht agus rialachas a fheabhsú.

Déanfaimid scóip ár maoinithe d'eagraíochtaí iltaobhacha a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil sé chomh héifeachtach agus is féidir agus go bhfuil sé ailínithe go hiomlán leis na spriocanna atá againne. Beimid páirteach go gníomhach i gcomhlachtaí rialaithe na n-eagraíochtaí iltaobhacha lena dtacaímid. Leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Líonra um Measúnú Feidhmíocht Eagraíochtaí Iltaobhacha le dul i mbun comheasúnachtaí ar éifeachtacht comhpháirtithe iltaobhacha. Treoraigh na measúnachtaí sin ár gcinntí maoinithe i dtreo iad sin atá ag feidhmiú go maith. Foilseofar torthaí na measúnachtaí sin ar líne.

Leanfaimid ar aghaidh le 30% dár n-acmhainní a chur trí eagraíochtaí iltaobhacha. Cuirfear 70% den bhuiséad ar fáil go déthaobhach trí chomhpháirtíochtaí le Rialtais, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, agus cistí agus cláir dhomhanda. Déanfar é sin a athbhreithniú ar bhonn leanúnach leis an tionchar is fearr a chothabháil dár gcaiteachas.

Táimid tiomanta a bheith i mbun níos mó rannphairtíochta le hinstitiúidí san Afraic agus institiúidí réigiúnacha. Tabharfaimid tacaíocht láidir do chomhtháthú réigiúnach san Afraic mar ghníomhaire cobhsaíochta polaitiúil agus foráis gheilleagraigh, agus scrúdóimid bealaí a bhféadfaimid rannphairtíocht níos éifeachtaí a bheith againn leis an Aontas Afracach agus le Pobail Gheilleagracha Réigiúnacha na hAfraice. Fiosróimid na tairbhí ionchais a bhainfeadh le bheith mar chomhalta de Bhanc Forbartha na hAfraice, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise atá againn don Afraic.


Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le cistí agus cláir dhomhanda. Tá na cistí sin in ann ardán uathúil a chur ar fáil don earnáil phoiblí agus phríobháideach chun obair a dhéanamh le chéile le freagairt do shaincheisteanna sainiúla, mar maláire, VEID agus SEIF, athrú aeráide a chur faoi smacht, agus le spriocanna oideachais a bhaint amach. Tógfaimid ár naisc freisin le heagraíochtaí daonchairdis príobháideacha, a bhfuil a dtiomantais méadaithe go mór ag go leor díobh i ndáil le forbairt idirnáisiúnta le blianta beaga anuas. Spreagfaimid na cistí agus cláir sin lena rannphairtíocht in iarrachtaí comhordaithe agus cuntasachta a neartú, go háirithe ag an leibhéal tíre.

**Táimid tiomanta a bheith i mbun níos mó rannphairtíochta le hinstitiúidí san Afraic agus institiúidí réigiúnacha**

## Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Cuirfidh ár n-iarrachtaí go díreach le Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna), na hocht sprioc forbartha idirnáisiúnta atá mar léiriú ar thiomantas an domhain déileáil le bochtaineacht dhomhanda. Áirítear deireadh a chur le hocras, stop a chur le leathadh VEID agus SEIF, oideachas bunscoile uilíoch a chur ar fáil, agus comhionannas inscne a chur chun cinn ar na SFManna.

Tionólfar Imeacht Speisialta NA maidir leis na SFManna, arna éascú ag Éirinn agus an Afraic Theas, ag deireadh 2013 agus forbrófar pleananna do chomhshocrú domhanda maidir le forbairt i ndiaidh spriocdháta 2015, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a d'fhéadfaí a fhorbairt. Oibreoimid go dlúth leis na NA agus le comhpháirtithe eile agus beidh ról ceannais againn san AE maidir leis na próisis thábhachtacha sin.



## ÉIRE

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 7ú tír as 187
Daonra: 4.58 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $28,671
Ionchas Saoil: 80.7 bliain

## SIARRA LEON

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 177ú
Daonra: 6.13 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $881
Ionchas Saoil: 48.1 bliain

## LEOSÓTA

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 158ú
Daonra: 2.21 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1879
Ionchas Saoil: 48.7 bliain

## MÓSAIMBÍC

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 185ú
Daonra: 24.47 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $906
Ionchas Saoil: 50.7 bliain

## AN MHALÁIV

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 170ú
Daonra: 15.88 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $774
Ionchas Saoil: 54.8 bliain

## AN TSAIMBIA

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 163ú
Daonra: 13.8 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1358
Ionchas Saoil: 49.4 bliain

## AN TANSÁIN

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 152ú
Daonra: 47.66 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1383
Ionchas Saoil: 58.9 bliain

## UGANDA

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 161ú
Daonra: 35.62million
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1168
Ionchas Saoil: 54.5 bliain

## AN AETÓIP

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 173ú
Daonra: 86.54 milliún
Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1017
Ionchas Saoil: 59.7 bliain



Fonóta: Gach staitistic bainte as Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna UNDP 2013.



## VÍTNEAM

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 127ú

Daonra: 89.7 milliún

Meán Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $2970

Ionchas Saoil: 75.4 bliain

## FAIGH TUILLEADH EOLAIS:

Tá mionsonraí ar chomhpháirtíocht na hÉireann leis an naoi dtír seo ar fáil ar láithreán gréasáin Irish Aid ag www.irishaid.ie

# Difear a dhéanamh ag an leibhéal tíre

Le fócas láidir ar thíortha, cinntítear go mbíonn ár n-iarrachtaí forbartha níos spriocdhírithe agus go mbíonn tionchar níos mó acu.

Coinneoimid fócas príomha ar thíortha i mbéal forbartha san Afraic fho-Shahárach – an chuid den domhan is dianseasmhaí a bhfuil bochtaineacht. Tá fócas láidir ag ár gclár cúnaimh ar naoi bPríomhthír Comhpháirtíochta, agus tá ocht gcinn díobh sin san Afraic. Tá ár n-oifig i dTíomór Thoir á céimniú amach ag teacht le cinneadh a rinne an Rialtas níos luaithe. Tá ár rannpháirtíocht i Vítneam dírithe ar dhul i ngleic le bochtaineacht agus neamhionannas ansin, naisc láidre a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí trádála a chothú.

Beidh caidreamh forbartha éagsúil againn le gach ceann dár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta, ag brath ar riachtanais agus deiseanna - tabharfar aghaidh ar chúiseanna le fíor-ocras nuair is gá, agus tógfar caidreamh geilleagrach níos láidre nuair is féidir. Úsáidfimid an Straitéis don Afraic chun caidreamh níos cuimsithí a fhorbairt lenár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta san Afraic.

Beidh na meicníochtaí trína ndéanfaimid cúnamh a sheachadadh (trí rialtais náisiúnta agus áitiúla, sochaí shibhialta, eagraíochtaí iltaobhacha) éagsúil freisin ag brath ar riachtanas agus oiriúnacht. Tá ár gcumas é sin a dhéanamh aitheanta mar láidreacht ar leith inár gcur chuige.

Cinnteoimid, a mhéad agus is féidir, go beidh ár dtacaíocht intuartha, le go bhféadfaidh tíortha pleanáil go héifeachtach, agus nach ndéanfar foirmeacha eile de mhaoiniú forbartha ar fáil do thíortha i mbéal forbartha (mar infheistíocht agus a n-ioncam féin) a chur as áit. Agus oibreoimid lena chinntiú go bhféadfar na hacmhainní sin a úsáid chun cabhrú lenár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta imeacht ó bheith ag brath ar chabhair.

Múnlóidh an Straitéis uileghabhálach don Afraic agus na fachtóirí seo a leanas ár gcinntí maidir le nádúr agus scóip ár rannpháirtíochta leis na Príomhthíortha Comhpháirtíochta sin:

- An leibhéal bochtaineachta, leochaileachta agus neamhionannais sa tír
- An tiomantas do chearta an duine, do chuntasacht agus d'éilliú a chosc
- Ár gcúlra comhpháirtíochta agus an luach breise a bheadh i gceist linn a bheith i láthair
- Chomh dóchúil is a bheadh sé go mbainfí torthaí inbhuanaithe amach do dhaoine i mbochtaineacht
- An tiomantas imeacht ó bheith ag brath ar chabhair

Beidh ár rannpháirtíocht sna tíortha sin a bhaineann amach, nó atá ar an mbealach le stádas Tír Mheán-Ioncaim a bhaint amach á hathchothromú. Beidh comhpháirtíochtaí níos dinimiciúla, mionchoigeartú gníomhaíochtaí, agus bealach amach ó bheith ag brath ar chabhair a ullmhú, ag teastáil chun é sin a dhéanamh.

## Comhpháirtíochtaí feabhsaithe in Éirinn

### Le NGOnna agus le heagraíochtaí misinéireachta

Tá tobar taithí, eolais agus cumais againn in Éirinn a bhfuil sé mar aidhm againn é a úsáid chun na spriocanna a léirítear anseo a bhaint amach.

Tá ról tábhachtach ag NGOnna Éireannacha maidir le freagairt d'éigeandálacha daonnúla, cuireann siad seirbhísí ar fáil na háiteanna is géire a dteastaíonn siad, agus tacaíonn siad le daoine leochaileacha i dtíortha i mbéal forbartha le teacht le chéile agus a bheith páirteach i bhforbairt a bpobal. Chomh maith leis sin, cuireann NGOnna le feasacht in Éirinn maidir le dúshláin forbartha dhomhanda agus déanann siad pobal na hÉireann páirteach in iarrachtaí aghaidh a thabhairt orthu.

Tacóidh comhpháirtíocht Chúnamh Éireann le hearnáil na NGOnna le feabhais i gcaighdeáin agus i bhfeidhmíocht clár. Tá an bhéim ar chuntasacht agus ar thorthaí forbartha á neartú againn lenár gcomhpháirtithe ar NGOnna iad. Tá córas nua dírithe ar fheidhmíocht agus ar thorthaí bunaithe anois le cinntí maidir le maoiniú a leithdháileadh a threorú. Spreagfaimid comhiarrachtaí earnáil na NGOnna lena chinntiú go mbainfidh siad ardchaighdeáin feidhmíochta agus trédhearcachta amach ina rialachas corparáideach.

Agus muid ag obair i gcomhar le NGOnna Éireannacha agus idirnáisiúnta, táimid ag cur níos mó béime ar chomhpháirtíocht le heagraíochtaí sochaí sibhialta i dtíortha i mbéal forbartha, agus meastar go n-ardóidh an leibhéal maoinithe a leithdháilfear na NGOnna sin ar eagraíochtaí sochaí sibhialta áitiúla in imeacht ama.

Leanfaimid ar aghaidh le tacaíocht straitéiseach a thabhairt d'eagraíochtaí misinéireachta Éireannacha atá i mbun obair thábhachtach ag laghdú bochtaineachta ar an líne tosaigh i dtíortha i mbéal forbartha.

### Le hinstitiúidí eile

Tá scileanna agus taithí ábhartha ag institiúidí Éireannacha atá ár gclár cúnaimh in ann a úsáid. Fiosróimid na réimsí ina bhféadfar eispéiris na hÉireann a úsáid tuilleadh chun institiúidí a neartú i dtíortha i mbéal forbartha a bhfuil torthaí á mbaint amach acu.

Leathnóimid agus treiseoimid rannpháirtíocht Ranna Rialtais agus institiúidí le clár Chúnamh Éireann. Táimid tiomanta freisin ár rannpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach a threisiú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise don Afraic.

Oibreoimid go dlúth leis na hInstitiúidí Ardoideachais in Éirinn agus i dtíortha i mbéal forbartha tríd an gClár um Chomhoibriú Straitéiseach, a bhfuil sé mar aidhm leis comhpháirtíochtaí comhoibríocha a chur chun cinn do ghníomhaíochtaí taighde agus oideachais nuálacha mar thacaíocht dár spriocanna.

Leathnófar Clár Comhaltachtaí Chúnamh Éireann go mór, agus leanfar le hinstitiúidí a neartú trí chuidiú le mic léinn ó thíortha i mbéal forbartha dul i mbun staidéir iarchéime i gcoláistí agus in ollscoileanna in Éirinn, chomh maith le ina réigiún féin. Forbrófar sraith comhaltachtaí nua dírithe ar níos mó gairmscileanna agus scileanna don mhargadh saothair.

Tá Tionscnamh Saorálaíochta nua á sheoladh leis an mbealach a dtacaímid le saorálaíocht a nuachóiriú. Cuirfear bunachar sonraí de shaorálaithe i dtoll a chéile le heolas ar chaighdeán níos fearr a chur ar fáil maidir le socraíochtaí ionchais, lena n-áirítear le NGOnna agus leis na NA. Éascóimid saorálaithe a mheaitseáil níos fearr leis an éileamh ar a scileanna, agus oibreoimid le heagraíochtaí saorálaithe agus óstacha le cloí le caighdeáin dea-chleachtais a chur chun cinn. Tríd an tionscnamh sin, beidh deis ag gairmithe le taithí, lena n-áirítear go leor státseirbhíseach a chuaigh ar scor le déanaí le scileanna nach bhfuil mórán fáil orthu sa chuid sin den domhan atá i mbéal forbartha, cur le forbairt inbhuanaithe. Beidh Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann mar an pointe fócasach do ghníomhaíochtaí agus eolas a bhaineann le saorálaíocht.



An tAire Stáit do Thrádáil agus d'Fhorbairt, An tUasal Joe Costello, T.D., Sheila Power Uasal, Stuiritheoir, Irish Council of International Students agus mic léinn don Clár Comhaltachtaí, Clár IDEAS de Vítneam agus Clár um Chomhoibriú Straitéiseach, Cúnamh Éireann. *Griangraf: Liam Burke/Press 22*

Oibreoimid laistigh den AE chun Tionscnamh nua Saorálaithe um Chabhair AE a chur chun cinn a chóir deiseanna breise a chur ar fáil do shaoránaigh Éireannacha oilte tacaíocht ghairmiúil a fháil chun cur le hobair dhaonnúil idirnáisiúnta.

Aithnímid an ról luachmhar atá ag údaráis áitiúla in Éirinn maidir le roinnt scileanna, cumas a neartú agus tacú le cláir lena macasamhlacha i dtíortha i mbéal forbartha agus tacóimid le hiarrachtaí ina leith sin.

Leanfaimid ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí Afracacha agus eagraíochtaí Diaspóra eile in Éirinn lena chur ar a gcumas a dtaithí agus scileanna a úsáid chun leasa a dtíortha bunaidh.

## Foghlaim agus fianaise a úsáid

Tá sé tábhachtach go dtuigfimid agus go n-úsáidfimid cur chuigí atá an-éifeachtach maidir le bochtaineacht a laghdú. Caithfimid cur lenár n-eolas seasta lena chinntiú go mbeidh ár gcinntí, ár mbeartais agus ár gcláir, agus iad sin a bheidh ag ár gcomhpháirtithe, bunaithe ar fhianaise fónta i ndáil le cad a oibríonn agus cad nach n-oibríonn.

Déanfaimid é sin trí fhoghlaim ónár dtaithí agus cleachtas féin, ó mheastóireachtaí agus athbhreithnithe, agus ón taighde is fearr atá ar fáil. Roinnfimid ár n-eolas agus taithí go hinmheánach, feadh an Rialtais agus lenár gcomhpháirtithe, chun dea-chleachtas a chur chun cinn, nuálaíochtaí a mhéadú agus tionchar a bheith ar bheartais i réimsí a bhféadfaimid an difear is mó a dhéanamh iontu. Tacóimid freisin le tíortha agus comhpháirtithe le sonraí iontaofa agus tráthúil a bhailiú le dul chun cinn maidir le baint amach a spriocanna a mheasúnú.

Forbróimid straitéis taighde nua in 2013. Díreoidh sé sin ar tacaíocht a thabhairt do thaighde ceannródaíoch feadh raon téamaí – bunaithe ar ár dtosaíochtaí lárnacha – chun smaointe, nuálaíocht agus torthaí nua a sheachadadh.

Léireoidh na téamaí sin ár dtosaíochtaí agus beidh an poitéinseal acu cur go mór le forbairt idirnáisiúnta agus le bochtaineacht a laghdú. Tacóimid le taighde laistigh de gach ceann de na téamaí sin agus taighde freisin a thabharfaidh aghaidh ar na naisc eatarthu. Oibreoimid le comhpháirtithe lena chinntiú go gcuirfear taighde in iúl go maith agus go roinnfear é leis na daoine sin is fearr a úsáidfidh é le go ndéanfaidh sé difear i saol na ndaoine faoi bhochtaineacht agus na pobail ina maireann siad.

Beidh ról níos láidre againn maidir le foghlaim frithpháirteach a chur chun cinn idir rialtais, eagraíochtaí agus daoine aonair i dtíortha i mbéal forbartha.

## Torthaí a bhaint amach

Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála bainistíocht éifeachtach leanúnach lena chinntiú go mbeidh ár gclár cúnaimh ailínithe lenár spriocanna agus le seachadadh ár dtiomantas. Tabharfar breithiúnas ní hamháin ar an méid a chaithfimid ach ar a mbainfimid amach.

Ag teacht le tiomantas an Rialtais éifeachtacht seirbhís phoiblí na hÉireann a fheabhsú, beidh baint amach fíorthorthaí agus torthaí fadseasmhacha lárnach sa chaoi a mbeartóimid gníomhartha agus cláir, a ndéanfaimid cinntí, an chaoi a gcuirfimid i bhfeidhm iad, an chaoi a ndéanfaimid monatóireacht agus meastóireacht orthu agus an chaoi a dtabharfaimid cuntas ina leith.

Beidh sé sin chomh tábhachtach céanna sna comhpháirtíochtaí a bheidh againn. Tá a fhios againn áfach go bhféadfaidh athruithe fadtéarmacha am a thógáil agus go bhfuil sé deacair athruithe a thomhas. Táimid tiomanta obair a dhéanamh le comhpháirtithe chun córais láidre a fhorbairt a bheidh in ann athruithe a léiriú in imeacht ama.

Déanfaimid na pleananna cur chun feidhme a leanfaidh ón mbeartas seo a thalmhú i réadúlacht na foirne agus na hacmhainní a bheidh ar fáil. Is dúshlán a bheidh ansin i bhfianaise na srianta reatha ar an tseirbhís phoiblí. Leanfaimid ar aghaidh ag fiosrú bealaí ina bhféadfaimid freagairt don dúshlán sin, lena n-áirítear trí chur le cumas foirne go leanúnach; foireann a aistriú ó Ranna eile agus comhtháthú níos fearr feadh an Rialtais; agus leanúint leis an scéim Intéirneachta Gairmiúil Sóisearaí rathúil; agus scileanna a fháil ar conradh gearrthéarmach nuair a aithnítear bearnaí tábhachtacha.

Tá Cúnamh Éireann bunaithe i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach. Leanfaimid ar aghaidh leis an dá láthair sin a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Féachfaimid ar an mbealach a oibrímid, ar ár gcórais agus ar ár struchtúir agus scrúdóimid an bealach is fearr a bhféadfaidh siad sin freagairt don treo a leagtar amach sa bheartas seo.

Leanfaidh ár gcórais tacaíochta bainistíochta agus bainistíochta riosca le cláir agus tuairisciú éifeachtúil a éascú. Leanfaidh an tOireachtas, Coiste Iniúchta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus comhlachtaí seachtracha mar an OECD ar aghaidh i mbun dianmhaoirseacht sheachtrach ar chlár Chúnamh Éireann. Tá ról tábhachtach freisin ag ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus meastóireachta féin.

Leanfaidh an Sainghrúpa Comhairleach maidir le Cúnamh Éireann ar aghaidh le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don chlár mar shainchomhlacht neamhfheidhmeannach neamhspleách.

Úsáidfimid an beartas seo lenár bpleananna cur chun feidhme a leagan amach do na blianta atá le teacht, agus déanfaimid dul chun cinn a athbhreithniú in 2016.



Féachann oideachas i gcúrsaí forbartha tuiscint a thabhairt agus daoine a spreagadh gníomh a ghlacadh le go mbeidh cúrsaí níos cothroime agus níos córa ar domhan

Leanaí ó Scoil Náisiúnta an Chroí Rónaofa san Eachroim, scoil as an 11 scoil deiridh, ag Duaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne 2011.
*Grianghraf: Cúnamh Éireann*

## Cumarsáid éifeachtach

Beimid i dteagmháil leanúnach le pobal na hÉireann maidir le hobair agus tionchar an chláir chúnaimh atá againn agus ár n-iarrachtaí forbartha agus maidir leis difear tábhachtach atá an obair sin ag déanamh i saol na ndaoine agus na bpobail atá faoi bhochtaineacht. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ag tráth a bhfuil deacrachtaí geilleagracha in Éirinn, agus nuair a d'fhéadfadh leibhéil láidre tacaíochta ón bpobal do chomhoibriú forbartha lagú go héasca.

Beidh fócas ag Straitéis Cumarsáide nua, atá le forbairt in 2013, ar mheáin shóisialta agus ar láithreacht níos láidre ar líne, lena n-áirítear láithreán nua ag Cúnamh Éireann (www.irishaid.ie), chomh maith le fócas ar ról breisithe d'Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann. Beidh Clár Scoileanna comhdhlúite nua ina phríomh-chomhpháirt inár gcur chuige foriomlán maidir le cur le feasacht an phobail faoin gclár.

Oibreoimid go dlúth freisin le comhpháirtithe in Éirinn, lena n-áirítear NGOnna agus eagraíochtaí Diaspóra atá ina gcónaí in Éirinn anois, le níos mó feasachta agus rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn trí thionscnaimh mar Lá na hAfraice ( a dhéantar a cheiliúradh an 25 Bealtaine gach bliain). Caithfimid cumarsáid a dhéanamh le chéile maidir le forbairt dhomhanda ar bhealaí a chuirfidh an chastacht a bhaineann le bochtaineacht agus neamhionannas in iúl.

**Beimid i dteagmháil leanúnach le pobal na hÉireann maidir le hobair agus tionchar ár n-iarrachtaí forbartha agus maidir leis difear tábhachtach atá an obair sin ag déanamh**

## Cur le feasacht agus rannpháirtíocht forbartha

Tá an-chlú orainn mar gheall ar an oideachas forbartha ar ardchaighdeán a dtacaímid leis in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis an oideachas forbartha sin cur le tuiscint, agus daoine a spreagadh le dul i mbun gnímh do dhomhan níos cirte agus níos cothroime. Tugann sé deis uathúil do dhaoine in Éirinn machnamh a dhéanamh ar a ról agus a bhfreagrachtaí mar shaoránaigh domhanda.

Táimid tiomanta dul i mbun cur chuige níos straitéise maidir le hoideachas forbartha le tacaíocht a spriocdhíriú níos dlúithe ar roinnt réimsí. Áireofar air sin oideachas do mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, acmhainní teagaisc cuí a fheabhsú agus a scaipeadh níos leithne, agus obair níos dírithe a dhéanamh leis an earnáil phobail agus óige. Leanfaimid deiseanna leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, leis an Aonad Forbartha Curaclaim agus le comhpháirtithe eile lena chinntiú go ndéanfar deiseanna d'oideachas forbartha a chomhtháthú i gcuraclaim nua a uasmhéadú.

Neartóimid ár dtacaíocht d'obair thábhachtach Chumann Oideachais Forbartha na hÉireann, líonra d'eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil baint acu le hoideachas forbartha feadh oileán na hÉireann. Ceapfaimid comhalta nua le saineolas oideachais forbartha chuig an Sainghrúpa Comhairleach maidir le Cúnamh Éireann a bheidh freagrach as comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le hoideachas forbartha agus réimsí eile. Glacfaidh an ceapachán sin leis an ról a bhí go dtí seo ag an gCoiste Comhairleach um Oideachas Forbartha a dhéanfar a chéimniú amach sa tréimhse atá romhainn.

**Táimid tiomanta dul i mbun cur chuige níos straitéise maidir le hoideachas forbartha le tacaíocht a spriocdhíriú níos dlúithe ar roinnt réimsí**

# Iarscríbhinn 1: Cuntas ar ár bhFeidhmíocht

| Cuntasacht | Meicníocht | Minicíocht |
|---|---|---|
| Cuntasacht ar chaiteachas agus torthaí | Éisteachtaí Oireachtais an Choiste um Chuntais Phoiblí, an Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, an Chomhchoiste um Ghnóthaí AE<br><br>Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann<br><br>Creat AE um Thuairisciú Torthaí | Go bliantúil, nó níos minice nuair a iarrtar sin<br><br>Go bliantúil<br><br>Á fhorbairt |
| Cuntasacht maidir le cur chuige Uile-Rialtais | Tuarascáil ar Chur Chuige Uile-Rialtais maidir le Forbairt | Cur i láthair na Comh-Aireachta agus an Oireachtais go dhébhliantúil |
| Measúnacht ar na tiomantais maidir le caighdeán chabhair idirnáisiúnta (Busan) | Meastóireacht OECD<br><br>Suirbhé AE ar Mhaoiniú Forbartha<br><br>Measúnachtaí ar chuntasacht fhrithpháirteach ag leibhéal na Príomhthíre Comhpháirtíochta | Gach 2-3 bliain<br><br>Go bliantúil<br><br>Go tréimhsiúil |
| Measúnacht ar bheartais, chláir agus chórais Chúnamh Éireann | Athbhreithniú Piaraí OECD ar Chlár Forbartha na hÉireann<br><br>Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála<br><br>Athbhreithnithe cur chun feidhme/ luach ar airgead Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí<br><br>Meastóireachtaí clár | Gach 4-5 bliain. Tá an chéad athbhreithniú le déanamh Mean Fomhair 2014.<br><br>Go bliantúil<br><br>Go tréimhsiúil<br><br>Go tréimhsiúil |

An Roinn Gnóthaí, Eachtracha agus Trádála,
80 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
27–31 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

t: +353 1 408 2000
irishaid@dfa.ie
www.irishaid.ie

www.reddog.ie